Nollaig 2016/QP.18-V1.01 © QQI

# BEARTAS QQI.

## Gnásanna agus critéir maidir le tarmligean údaráis

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# Gnásanna agus critéir maidir le tarmligean údaráis

Gnásanna agus critéir chun cinneadh a dhéanamh ar iarratas ar údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh i leith cláir nó aicme clár.

Gnásanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar gach clár nó aicme cláir oideachais agus oiliúna de chuid soláthraí a bhfuil an t-údarás chun dámhachtain a dhéanamh tarmligthe chuige agus oibriú agus bainistíocht iomlán an tsoláthraí sin.

Ní áirítear sa doiciméad seo gnásanna chun faireachán a dhéanamh ar oibriú an údaráis tarmligthe; féach alt 9(1)(f).

Áirítear le leagan 1.01 ceartúchán (arna dhéanamh ar 21/8/2017) ar an tagairt d'fho-alt infheidhme (54(2)) den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 i gCeannteideal 16.1.

# CLÁR

RÉAMHRÁ ... 4

**CUID 1: COMHTHÉACS ... 5**

1 RÉAMHRÁ ... 5

2 AN BONN DLÍTHIÚIL DO THARMLIGEAN ÚDARÁIS AGUS A ATHBHREITHNIÚ ... 6

3 RÉAMHRIACHTANAIS CHUN ÚDARÁS TARMLIGTHE A IARRAIDH ... 6

**CUID 2: GNÁSANNA CHUN CINNEADH A DHÉANAMH AR IARRATAS AR ÚDARÁS TARMLIGTHE CHUN DÁMHACHTAIN A DHÉANAMH ... 10**

4 RÉAMHOBAIR ... 10

5 IARRATAS AR ÚDARÁS TARMLIGTHE A ULLMHÚ AGUS A DHÉANAMH ... 11

6 IARRATAS AR ÚDARÁS TARMLIGTHE A MHEASÚNÚ AGUS A CHINNEADH ... 14

7 AN CINNEADH A FHÓGAIRT ... 17

8 COINNÍOLLACHA ... 19

9 ÚDARÁS TARMLIGTHE CHUN DÁMHACHTAIN A DHÉANAMH I GCÁS CLÁR NUA ... 23

10 ACHOMHARC IN AGHAIDH DIÚLTÚ CHUN ÚDARÁS A THARMLIGEAN NÓ IN AGHAIDH COINNÍOLLACHA ... 24

11 CION ... 24

12 COMHDHÁMHACHTAIN ... 24

**CUID 3: GNÁSANNA CHUN CINNEADH A DHÉANAMH AR IARRATAS AR THARMLIGEAN ÚDARÁIS CHUN DÁMHACHTAIN A DHÉANAMH ... 25**

13 RÉAMHRÁ ... 25

14 CRITÉIR MAIDIR LE HOIBRIÚ AGUS BAINISTÍOCHT RIOMLÁN (ARNA MBUNÚ FAOI ALT 52(1)) ... 25

15 CRITÉIR MAIDIR LE CLÁIR NÓ AICMÍ CLÁR AR LEITH OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA AN TSOLÁTHRAÍ A BHFUIL ÚDARÁIS TARMLIGTHE CHUN DÁMHACHTAIN A DHÉANAMH Á IARRAIDH INA LEITH (ARNA MBUNÚ FAOI ALT 52(1)) ... 37

**CUID 4: ÚDARÁS TARMLIGTHE CHUN DÁMHACHTAIN A DHÉANAMH A ATHBHREITHNIÚ, A THARRAINGT SIAR NÓ A ÉAGSÚLÚ ... 40**

16 GNÁSANNA UM ATHBHREITHNIÚ ... 40

17 ÚDARÁS TARMLIGTHE A THARRAINGT SIAR NÓ A ÉAGSÚLÚ ... 41

18 GEARÁIN ... 44

19 SOCRUITHE IDIRTHRÉIMHSEACHA ... 44

20 AGUISÍN AR BHAILÍOCHTÚ ... 45

# RÉAMHRÁ

Cuirtear i láthair sa doiciméad seo gnásanna agus critéir QQI le cinneadh a dhéanamh ar iarratas chuig QQI ar tharmligean údaráis chun dámhachtainí a dhéanamh i leith clár nó aicme clár agus gnásanna le haghaidh athbhreithniú ar údarás tarmligthe.

Baineann na gnásanna seo le gach soláthraí atá i dteideal údaráis tarmligthe a iarraidh chun dámhachtain a dhéanamh (lena n-áirítear iad siúd a ndéantar cur síos orthu in alt 52(2)(e) den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012).

Cuireann údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh ar chumas soláthraí a bhranda dámhachtana féin a bhunú agus tugann sé níos mó neamhspleáchais dó cláir a bhunú laistigh d'aicmí clár ar tarmligeadh údarás chun dámhachtainí a dhéanamh ina leith. Ní gá do sholáthraithe a bhfuil údarás tarmligthe acu chun dámhachtain a dhéanamh maidir le clár ar leith iarratas a dhéanamh chuig QQI chun an clár a bhailíochtú.

Cinneann QQI an beartas agus na critéir maidir le dámhachtainí a dhéantar faoi údarás tarmligthe agus na caighdeáin dámhachtana a bhaineann leis na dámhachtainí sin. Aithnítear dámhachtainí den sórt sin laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Cuireadh tús leis na gnásanna agus na critéir nua nuair a foilsíodh iad ar shuíomh gréasáin QQI i mí Feabhra 2017 (féach Aonad 19 ar Aistriú) agus ghabh siad áit na ngnásanna agus na gcritéar reatha go léir a bhaineann le húdarás tarmligthe.

Is chun cláir a sholáthraíonn, a eagraíonn nó a fhaigheann siad agus iad sin amháin a tharmligtear údarás do sholáthraithe chun dámhachtainí a dhéanamh.

# CUID I: COMHTHÉACS

## 1 TÚS EOLAIS

Tá gnásanna agus critéir sa doiciméad seo arna mbunú faoi alt 52(1) den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 (Acht 2012) chun cinneadh a dhéanamh ar iarratas chuig QQI ó sholáthraí faoi alt 52(2) d'Acht 2012 ar an údarás chun dámhachtain a dhéanamh a tharmligean dó.

Tá gnásanna ann freisin a bunaíodh faoi alt 54(2) d'Acht 2012 chun athbhreithniú a dhéanamh ar údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh.

Ní mór na gnásanna sa doiciméad seo a léamh in éineacht leis na codanna ábhartha d'Acht 2012. Má tá aon easaontas fíor nó dealraitheach idir an doiciméad seo agus Acht 2012, tá siad neamhbheartaithe agus mar sin féin cuirfear Acht 2012 i bhfeidhm.

Ina theannta sin, tá an reachtaíocht maidir le húdarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh sách mionsonraithe ina chuid saintreoracha agus mar sin is minic a luafar an reachtaíocht laistigh de na gnásanna sa doiciméad seo seachas athleagan den reachtaíocht a thabhairt. Tá sleachta eile as Acht 2012 ann mar fhaisnéis dóibh siúd atá ag smaoineamh ar na gnásanna agus na critéir agus ar a mbonn faoin dlí.

Cuirtear na sleachta níos forleithne as Acht 2012 i láthair i bpainéil laistigh de chiumhaiseanna. Tabhair faoi deara gurb é QQI "an tÚdarás" dá dtagraítear sna sleachta as Acht 2012. Ba cheart glacadh leis go gciallaíonn 'ailt' sa doiciméad seo gnéithe in Acht 2012 mura sonraítear a mhalairt. Ba cheart glacadh leis gur tagairtí do ghnéithe sa doiciméad seo iad aon tagairtí d'aonaid'.

Úsáidfear an téarma ‹údarás tarmligthe› nó an ciorrúchán ‹ÚT› go minic sa doiciméad seo in ionad údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh.

> 52(1) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe, nósanna imeachta agus critéir a bhunú agus a fhoilsiú, i cibé foirm agus ar cibé modh is dóigh leis is cuí (lena n-áirítear ar an idirlíon), chun iarraidh faoi fho-alt (2) a chinneadh, ar critéir iad a mbeidh ar áireamh iontu critéir a bhaineann le hoibriú agus bainistiú foriomlán an tsoláthraí a dhéanann an iarraidh.

## 2 AN BONN DLÍTHIÚIL DO THARMLIGEAN ÚDARÁIS AGUS A ATHBHREITHNIÚ

Áirítear le feidhmeanna QQI "*dámhachtainí a dhéanamh, údarás a tharmligean chun dámhachtain a dhéanamh nuair is cuí leis agus athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar oibriú an údaráis arna tharmligean amhlaidh*" (alt 9(f) d'Acht 2012).

Tá tarmligean feidhmeanna údaráis QQI á rialú ag Acht 2012 go ginearálta agus go háirithe ag ailt 52-55 den Acht sin.

> 52(11) Chun críocha an ailt seo, agus ailt 53, 54 agus 55, féadfaidh ceann amháin nó an dá cheann díobh seo a leanas a bheith ar áireamh in aicme cláir oideachais agus oiliúna—
>
> (a) cláir as a leanann dámhachtainí a aithnítear ag leibhéal áirithe, nó suas go dtí leibhéal áirithe, laistigh den Chreat,
>
> (b) cláir i réimse ábhair áirithe.

Tá na bríonna a thugtar in alt 2(1) d'Acht 2012 ag na téarmaí dámhachtain agus clár.

Sainmhínítear aicme clár mar seo a leanas:

Ciallaíonn an téarma "soláthraí" duine a sholáthraíonn, a eagraíonn nó a fhaigheann clár oideachais agus oiliúna" (alt 2(1) d'Acht 2012).

Tá feidhm ag alt 83 d'Acht 2012 maidir le seirbheáil doiciméad nuair a cheanglaítear ar sholáthraí fógra a thabhairt do QQI (nó a mhalairt) faoi Acht 2012 (m.sh. ailt 53(7) agus 53(8)).

## 3 RÉAMHRIACHTANAIS CHUN ÚDARÁS TARMLIGTHE A IARRAIDH

Tá soláthraithe a fhéadfaidh údarás tarmligthe a iarraidh chun dámhachtain a dhéanamh (ÚT) liostaithe in alt 52(2) d'Acht 2012 arna leasú in 2013[1].

1 Arna leasú leis an Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 (25/2013), a. 51, S.I. Uimh. 400 de 2013 .

52(2) Faoi réir *fho-alt (3*), féadfaidh aon cheann díobh seo a leanas a iarraidh ar an Údarás an t-údarás a tharmligean chuige nó chuici chun dámhachtain a dhéanamh:

(a) Institiúid Teicneolaíochta;

[2](aa) bord oideachais agus oiliúna arna bhunú le halt 9 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013

(b) an Foras[3];

(c) an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta;

(d) Teagasc;

(e) soláthraí cláir oideachais agus oiliúna a chomhlíonann na coinníollacha a bheidh leagtha amach i rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt (8).arna ndéanamh faoi fho-alt (8).

52(3) Ní fhéadfaidh soláthraí dá dtagraítear i bhfo-alt (2) iarraidh a dhéanamh faoin bhfo-alt sin mura rud é—

(a) gur bhunaigh an soláthraí nósanna imeachta le haghaidh dearbhú cáilíochta faoi *alt 28*,

(b) gur bhunaigh an soláthraí nósanna imeachta le haghaidh rochtana, aistriú agus forchéimniú faoi *alt 56*.

(c) gur chomhlíon an soláthraí *alt 65* maidir le socruithe chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint, más infheidhme, agus

(d) má bhaineann *fo-alt (10)* leis an soláthraí, go ndeachaigh an soláthraí i gcomhairle leis an duine eile dá dtagraítear san fho-alt sin.

Ní ghlacfar le hiarratais faoi alt 52(2) ó sholáthraithe nach gcomhlíonann na réamhriachtanais a shonraítear in alt 52(3) d'Acht 2012.

Ní féidir le soláthraithe dá dtagraítear in alt 52(2)(e) glacadh le hiarratais faoi alt 52(2) go dtí go mbeidh na rialacháin dá dtagraítear in alt 52(8) déanta.

## 3.1 GNÁSANNA DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA

Ní mór díriú sna gnásanna dearbhaithe cáilíochta (alt 52(3)(a) d'Acht 2012) ar na cláir agus na haicmí clár a n-iarrtar údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh (ÚT) ina leith.

Ordaítear do sholáthraithe atá ag smaoineamh ar iarratas ar ÚT a dhéanamh gnásanna DC a bhunú ag féachaint do na treoirlínte reachtúla nua DC.

Ní mór díriú iontu, leis, ar sheirbhísí gaolmhara, mar shampla, dearbhú cháilíocht gnásanna imeachta formheasta clár an tsoláthraí (úsáidfimid an téarma bailíochtú chuige seo) agus a

2 Arna chur isteach (26.10.2013) leis an Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013 (25/2013), s. 51, S.I. Uimh. 400 de 2013 .

3 SOLAS anois (féach alt 38(c) den Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013).

ghnásanna chun dámhachtainí a dhéanamh agus socruithe comhdhámhachtana a bhunú agus comhdhámhachtainí a dhéanamh (féach *Beartas agus Critéir QQI chun Dámhachtainí a Dhéanamh*[4] agus alt 51 d'Acht 2012). Ní mór dóibh díriú ar gach feidhm agus gnás a theastódh dá ndéanfadh QQI údarás chun dámhachtainí a dhéanamh a tharmligean.

Nuair is infheidhme maidir leis na cláir a bhfuil ÚT á iarraidh ina leith, ba cheart díriú iontu ar dhearbhú cáilíochta i gcás

1. cláir chomhoibríocha (e.g. i gcás ina bhfuil feidhm ag alt 52(10) nó i gcás ina mbeartaítear comhoibriú amach anseo),
2. cláir thrasnáisiúnta,
3. cláir chéime trí thaighde,
4. cláir bhreisoideachais agus oiliúna (FET),
5. cláir FET as a leanann dámhachtainí an Chomhchórais Dámhachtainí,
6. cláir ardoideachais agus oiliúna,
7. cláir phrintísteachta
8. cláir oideachais agus oiliúna i mBéarla do chainteoirí teangacha eile, agus
9. cláir foghlama sholúbtha agus dáilte.

Tá cláir thrasnáisiúnta thar a bheith casta. Is gá go mbeadh cuid ghinearálta chomh maith le codanna tír-shonracha mar chuid de ghnásanna dearbhaithe cáilíochta soláthraí i gcás cláir thrasnáisiúnta. Ní mór do QQI modúl tír-shonrach maidir le tír ar leith a fhormheas sular féidir údarás tarmligthe a iarraidh maidir le clár trasnáisiúnta a bhaineann leis an tír sin agus sula bhféadfar dámhachtain a dhéanamh faoi údarás tarmligthe i leith clár den sórt sin.

Féadfaidh meastóireacht chun críocha iarratas ar údarás tarmligthe a chinneadh formheas do ghnásanna dearbhaithe cáilíochta arna modhnú de réir a chéile a mholadh. Ní chuimsítear leis sin ceadú do mhórathruithe amhail cinn ina ndírítear ar threoirlínte dearbhaithe cáilíochta earnáil-shonracha nó topaic-shonracha nach raibh feidhm leo roimhe seo.

Is dócha go mbeidh sé riachtanach gnásanna dearbhaithe cáilíochta formheasta de chuid soláthraí ábhartha nach bhfuil údarás tarmligthe aige chun dámhachtainí a dhéanamh a leasú chun díriú ar na freagrachtaí breise a bhainfeadh leis an údarás tarmligthe atá á lorg. Ní mór na leasuithe seo a dhéanamh agus a fhormheas sula bhféadfar iarratas foirmiúil ar údarás tarmligthe a dhéanamh.

D'fhéadfadh sé a bheith éifeachtúil i gcásanna áirithe comhtháthú a dhéanamh ar fhormheas gnásanna dearbhaithe cáilíochta agus measúnú chun críocha iarratas ar údarás tarmligthe a chinneadh. D'fhéadfaí sa phróiseas meastóireachta céanna féachaint ar an bhfianaise don dá cheann ag an am céanna (i.e. an tuarascáil féinmheastóireachta soláthraí agus an chuairt láithreáin céanna). Mar sin féin, is nithe seicheamhacha iad formheas QQI do ghnásanna dearbhaithe cáilíochta agus a chinneadh ar iarratas ar údarás tarmligthe. Go háirithe, ní mór na gnásanna dearbhaithe cáilíochta a bheith formheasta (féach aonad (3)) sular féidir iarratas foirmiúil a dhéanamh ar údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh.

4 https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-11/qp-11-policy-and-criteria-for-making-awards.pdf

## 3.2 COSAINT D'FHOGHLAIMEOIRÍ ROLLAITHE

Ba chóir do sholáthraithe féachaint do dhoiciméid QQI, prótacail agus treoir reatha QQI maidir le Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe.

## 3.3 SOLÁTHRAITHE NACH SOLÁTHRAITHE ÁBHARTHA IAD

Ba cheart do sholáthraithe nach soláthraithe ábhartha iad aird a thabhairt ar alt 52(4) d'Acht 2012. D'fhéadfadh an cás seo teacht chun cinn i gcás soláthraithe a dhéanann iarratas faoi alt 52(2)(e) nó 52(2)(c).

> 52(4) I gcás go ndéanann soláthraí dá dtagraítear i bhfo-alt (2) iarraidh faoin bhfo-alt sin agus nach soláthraí iomchuí ná soláthraí nasctha an soláthraí, féadfaidh an soláthraí sin—
>
> (a) chun *fo-alt (3)(a)* a chomhlíonadh, nósanna imeachta le haghaidh dearbhú cáilíochta a bhunú faoi *alt 28* amhail is dá mba sholáthraí iomchuí an soláthraí agus beidh feidhm ag *ailt 30 agus 31* maidir le soláthraí den sórt sin amhail is dá mba sholáthraí iomchuí an soláthraí sin, agus
>
> (b) chun *fo-alt (3)(b)* a chomhlíonadh, nósanna imeachta le haghaidh rochtana, aistriú agus forchéimniú a bhunú faoi *alt 56* amhail is dá mba sholáthraí iomchuí an soláthraí.

# CUID 2: GNÁSANNA CHUN IARRATAS A CHINNEADH AR ÚDARÁS TARMLIGTHE CHUN DÁMHACHTAIN A DHÉANAMH

## 4 RÉAMHOBAIR

Ba cheart do sholáthraí atá ag iarraidh údarás tarmligthe aird a thabhairt, leis, ar ailt 52(5)-52(7) agus 52(10). D'fhéachfadh QQI ar an 'duine eile' dá dtagraítear in alt 52(10) mar sholáthraí comhoibríoch.

Ní féidir ÚT a iarraidh ach i leith clár nó[5] aicme clár 'an soláthraí' a dhéanann an t-iarratas. Ciallaíonn sé seo nach mór don soláthraí na cláir a n-iarrtar ÚT ina leith a sholáthar, a eagrú nó a fháil.

Ní fhéadfaidh soláthraí a bhfuil ÚT aige ÚT a iarraidh ar aon bhealach eile maidir le cláir a bhfuil soláthraithe eile bainteach leo.

> 52(5) Maidir le hiarraidh ó sholáthraí faoi *fho-alt (2)* ar údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh, féadfar í a dhéanamh i leith clár oideachais agus oiliúna, nó i leith aicme cláir oideachais agus oiliúna, de chuid an tsoláthraí.
>
> 52(6) I gcás ina ndéanfaidh soláthraí iarraidh faoi *fho-alt (2)* i leith aicme cláir oideachais agus oiliúna de chuid an tsoláthraí, sonróidh an soláthraí sin san iarraidh a chláir oideachais agus oiliúna go léir laistigh den aicme sin.
>
> 52(7) Beidh cibé táille (más ann) a chinnfidh an tÚdarás faoi alt 80 ag gabháil le hiarraidh ó sholáthraí faoi *fho-alt (2)*.
>
> 52(10) I gcás ina n-eagróidh nó go bhfaighidh soláthraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* clár oideachais agus oiliúna agus go ndéanfaidh sé nó sí iarraidh faoin bhfo-alt sin i leith dámhachtana arna déanamh ar an gclár a chríochnú ach go soláthraíonn duine eile an clár sin, go hiomlán nó go páirteach, rachaidh an soláthraí a dhéanfaidh an iarraidh i gcomhairle leis an duine eile sin roimh an iarraidh a dhéanamh.

### 4.1 TÁILLÍ

Foilsítear sceideal na dtáillí mar mhír ar leithligh. Ní ghlacfaidh QQI le hiarratas ar údarás tarmligthe ach amháin má fhaightear an táille is infheidhme in éineacht leis an iarraidh.

5 Go hiondúil sa doiciméad seo, folaíonn brí 'A nó B' 'A agus B' i.e. tá ciall uilechuimsitheach leis an 'nó'. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, d'fhéadfaí béim a chur air seo le 'A agus/nó B. Is gnách an 'nó' eisiach a léiriú leis an gconstruáil "A nó B".

### 4.2 ÚT SIARGHABHÁLACH

Ní tharmligfidh QQI údarás go cúlghabhálach chun dámhachtain a dhéanamh.

### 4.3 CLÁIR

Féadfar tarmligean údaráis a lorg i leith clár nó aicmí clár. B'fhearr[6] go mbeadh aon chlár i dtrácht bailíochtaithe roimhe seo ag QQI faoi na *Beartais agus na Critéir* reatha *chun Cláir Oideachais agus Oiliúna a Bhailíochtú.*

Tabhair ar aird go bhféadfaí a cheangal le rialacháin arna ndéanamh faoi alt 52(8) go mbeidh cláir de chuid soláthraí atá faoina réir a bheith bailíochtaithe ag QQI ar feadh íostréimhse (alt 52(9)).

## 5 IARRATAS AR ÚDARÁS TARMLIGTHE A ULLMHÚ AGUS A DHÉANAMH

Leagtar amach san aonad seo na bearta is gá chun iarratas ar údarás tarmligthe a dhéanamh chun dámhachtain a dhéanamh i leith cláir nó aicme clár. Féadfar treoirlínte a eisiúint chun cabhrú le soláthraithe a n-iarratais a ullmhú.

### 5.1 NITHE ROIMH RÉ

Ní mór do sholáthraí a chinntiú go bhfuil na réamhriachtanais atá leagtha amach in aonad (3) comhlíonta sula ndéanann sé iarratas ar údarás tarmligthe.

Ní mór d'iarratas ar údarás tarmligthe ceanglais uile ghnásanna agus critéir QQI a chomhlíonadh maidir le cinneadh a dhéanamh ar iarratas ar údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh i leith cláir nó aicme clár (is minic a dhéanfar an dara ceann a ghiorrú go "critéir ÚT", féach Cuid 3).

Ní thabharfaidh iarratas ó sholáthraí chuig QQI le tuiscint gur comhlíonadh aon cheann de na ceanglais.

Ní mór an táille fhorordaithe, nach bhfuil inaisíoctha, a bheith ag gabháil le hiarratas ar údarás tarmligthe.

6 Tabhair faoi aird critéar 15.1 sa chomhthéacs seo.

## 5.2 MEASTÓIREACHT AG AN SOLÁTHRAÍ

Sula ndéanann sé iarratas ar údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh i leith cláir nó aicme clár, ceanglaítear ar sholáthraí meastóireacht chriticiúil agus oscailte a dhéanamh, agus tuarascáil a ullmhú ina leith, i gcomparáid le critéir ÚT QQI (Cuid 3), ar

(i) na cláir nó na haicmí cláir oideachais agus oiliúna de chuid an tsoláthraí a bhfuil údarás tarmligthe á lorg chun dámhachtain a dhéanamh ina leith, agus

(ii) oibriú agus bainistíocht iomlán an tsoláthraí.

Ní mór a léiriú sa mheastóireacht cé acu an gcomhlíonann (i) agus (ii) (thuas) na critéir ÚT is infheidhme[7] agus anailís agus tráchtaireacht ina luaitear fianaise go soiléir agus ina ndéantar tagairt dó sna doiciméid tacaíochta a bheith san áireamh ann. Ba cheart go ndíreofaí ann, leis, ar na réamhriachtanais.

Ba cheart go ndéanfaí cur síos sa mheastóireacht ar na modhanna agus na modheolaíochtaí a d'úsáid an soláthraí don mheastóireacht agus go mbeadh anailís chriticiúil agus tráchtaireacht ar a n-éifeachtacht san áireamh.

Ní ghlacfar le dearbhuithe gan tacaíocht go gcomhlíontar critéir ÚT.

## 5.3 DOICIMÉID TACAÍOCHTA

Ní mór dóthain faisnéise a bheith  sa doiciméadú chun díriú ar chritéir ÚT QQI (Cuid 3). Ní mór díriú ann ar

(i) cláir nó aicmí cláir oideachais agus oiliúna de chuid soláthraí a bhfuil ÚT á lorg chun dámhachtain a dhéanamh ina leith, agus

(ii) oibriú agus bainistíocht iomlán an tsoláthraí.

Ní mór sonraí ar gach clár (lena n-áirítear iad siúd atá laistigh d'aicmí cláir oideachais agus oiliúna) de chuid an tsoláthraí a bhfuil údarás tarmligthe á lorg chun dámhachtain a dhéanamh ina leith a áireamh sa doiciméadacht tacaíochta.

Má tá feidhm ag alt 52(10) d'Acht 2012 maidir leis an soláthraí, ba cheart don soláthraí tuarascáil ar a chomhairliúcháin le daoine (go hiondúil ciallaíonn sé seo soláthraithe eile) dá dtagraítear san alt sin a chur isteach lena iarratas.

Ba cheart go mbeadh gnásanna dearbhaithe cáilíochta an tsoláthraí arna mbunú faoi alt 28 d'Acht 2012 san áireamh sa doiciméadacht tacaíochta; féach freisin aonad (3.1).

7 Mar shampla, mura bhfuil an soláthraí ag déanamh iarratais ar ÚT chun dámhachtainí a dhéanamh maidir le haicme clár is féidir nach mbeidh gach critéar a bhaineann le haicmí clár infheidhme.

## 5.4 AN T-IARRATAS A CHUR I DTOLL A CHÉILE AGUS A DHÉANAMH

Ní mór na nithe seo a leanas a áireamh i ngach iarratas ar tharmligean údaráis chun dámhachtain a dhéanamh:

A. Doiciméadú ina dtaispeántar gur tugadh aird ar na Nithe Roimh Ré (5.1), agus go háirithe gur comhlíonadh na Réamhriachtanais (3) go sásúil;
B. Tuarascáil mheastóireachta an tsoláthraí (5.2);
C. Na doiciméid tacaíochta (5.3);
D. Má tá feidhm ag alt 52(e) maidir leis an soláthraí ní mór díriú san iarratas ar na coinníollacha a leagtar amach i rialacháin arna ndéanamh faoi fho-alt 52(8); agus
E. An táille infheidhme (tá an t-iarratas neamhiomlán mura bhfuair QQI an táille).

Caithfidh na doiciméid lena n-áirítear tuarascáil mheastóireachta an tsoláthraí díriú ar chritéir ÚT. Féadfaidh QQI iarraidh ar údarás a tharmligean a dhiúltú ar na forais nach ndírítear san iarratas ar na critéir ÚT. Is ar an iarratasóir atá an dualgas cás iomlán a chur i láthair.

Féadfaidh QQI ceanglais bhreise nó mhionsonraithe a leagan amach i ngnásanna oibríochtúla nó riaracháin maidir le tarmligean údaráis (lena n-áirítear córais bogearraí) go ginearálta nó ar bhonn cáis.

Ní mór don iarratas ar tharmligean údaráis chun dámhachtain a dhéanamh a bheith sínithe ag príomhfheidhmeannach an tsoláthraí (nó a chomhionann) lena ndeimhnítear go bhfuil an fhaisnéis a soláthraíodh fíor agus gur díríodh ar gach critéar is infheidhme.

## 5.5 IARRATAS AR ÚDARÁS TARMLIGTHE A THARRAINGT SIAR

Féadfar iarratais ar údarás tarmligthe a tharraingt siar roimh thús chéim na meastóireachta neamhspleáiche. Féadfar aisíocaíocht pháirteach táillí (suas le 50% de na táillí a fuarthas i leith an iarratais) a dhéanamh má tharraingítear siar an t-iarratas roimh thús chéim na meastóireachta neamhspleáiche. Tar éis tús chéim na meastóireachta neamhspleáiche, is gnách do QQI dul ar aghaidh chuig cinneadh agus an tuarascáil mheastóireachta fhormheasta a fhoilsiú.

## 5.6 RÚNDACHT AGUS AN TACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE

Cuirfear na doiciméid (lena n-áirítear an doiciméad a chumhdaítear in aonad (5.4)) a bhaineann le hiarratas ar údarás tarmligthe ar fáil go rúnda d’fhoireann QQI agus do dhaoine agus d’eagraíochtaí a bhfuil baint acu lena meastóireacht. Mar sin féin, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil QQI faoi réir na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise agus go bhfuil taifid QQI faoi réir iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

## 5.7 SCAGADH Ó QQI

Scrúdóidh QQI na doiciméid a thacaíonn leis an iarratas agus má tá sé sásta go ndírítear ann ar a chritéir ÚT, rachaidh sé ar aghaidh chun socrú a dhéanamh chun an t-iarratas a mheasúnú. Mura bhfuil QQI sásta go ndírítear sa doiciméadú ar na critéir ÚT, cuirfidh sé é sin in iúl don soláthraí a fhéadfaidh rogha a dhéanamh aighneacht athbhreithnithe a chur isteach. Ní ráthaíocht ar bith é pas a fháil sa tseiceáil scagtha seo go bhfaighfear amach gur díríodh sa doiciméadú ar na critéir nuair a dhéanfar meastóireacht neamhspleách orthu.

# 6 IARRATAS AR ÚDARÁS TARMLIGTHE A MHEASÚNÚ AGUS A CHINNEADH

Is díol suntais go háirithe ailt 53(1)-53(3) sa chomhthéacs seo agus cloífidh QQI leo. Tabharfar an tuarascáil mheastóireachta fhormheasta ar an tuarascáil a ullmhófar faoi alt 53(1).chláir sin nó i leith a haicme sin cláir, nó

> 53(1) Déanfaidh an tÚdarás meastóireacht ar iarraidh arna déanamh *faoi alt 52(2)* de réir nósanna imeachta arna mbunú faoin alt sin agus ullmhóidh sé tuarascáil ar a mheastóireacht.
>
> (2) Tabharfaidh an tÚdarás cóip den tuarascáil a ullmhófar faoi *fho-alt (1)* don soláthraí lena mbaineann agus cuirfidh sé in iúl don soláthraí go bhféadfaidh an soláthraí tuairimí i scríbhinn a chur faoi bhráid an Údaráis i ndáil leis an tuarascáil sin tráth nach déanaí ná mí tar éis an tuarascáil a thabhairt don soláthraí.
>
> (3) Tar éis aon tuairimí a chuirfear faoi bhráid an Údaráis faoi *fho-alt (2)* a bhreithniú, déanfaidh an tÚdarás, laistigh de 6 mhí tar éis na tuairimí a fháil, nó laistigh de 6 mhí ó dheireadh na tréimhse míosa dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, cibé acu is túisce—
>
> (a) más deimhin leis—
>
> (i) maidir le clár oideachais agus oiliúna, nó aicme cláir oideachais agus oiliúna, de chuid an tsoláthraí a bhfuil údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh á lorg ina leith, agus
>
> (ii) maidir le hoibriú agus bainistiú foriomlán an tsoláthraí, go gcomhlíonann siad na critéir arna mbunú *faoi alt 52(1),* an t-údarás a tharmligean, faoi réir na gcoinníollacha atá i *bhfo-alt (4),* chuig an soláthraí sin chun dámhachtain a dhéanamh i leith an chláir sin nó i leith a haicme sin cláir, nó
>
> (b) diúltú an t-údarás sin a tharmligean chuig an soláthraí sin agus cúiseanna leis an diúltú a thabhairt.

Déanfar gach iarratas ar údarás tarmligthe a mheas go neamhspleách i gcomparáid leis na critéir chun iarratas ar údarás tarmligthe a chinneadh (na critéir ÚT). Beidh an mheastóireacht neamhspleách seo mar chuid den treoir don mheastóireacht fhoirmiúil a dhéanfaidh QQI ar an iarratas.

Grúpa meastóirí a dhéanfaidh an mheastóireacht neamhspleách ar an iarratas (aonad 6.1).

Ní bheidh measúnú QQI ar iarratas ar ÚT teoranta do bhreithniú an ábhair a chuir an soláthraí atá ag déanamh an iarratais isteach. Féadfar an mheastóireacht neamhspleách a fhorlíonadh le tuarascálacha meastóireachta eile arna gcoimisiúnú ag QQI dá rogha féin. Mar shampla, mar chuid den mheastóireacht féadfaidh QQI meastóireacht neamhspleách ar shoiléire úinéireacht dhlíthiúil agus tairbhiúil agus cobhsaíocht airgeadais an tsoláthraí a choimisiúnú.

Déanfar aon tuarascálacha meastóireachta coimisiúnaithe forlíontacha, má mheasann QQI gur cuí, a

1. chur ar fáil don soláthraí atá ag déanamh an iarratais (le haghaidh seiceáil chruinneas na bhfíricí agus do thuairimí) agus ina dhiaidh sin don ghrúpa meastóirí neamhspleácha; agus
2. san áireamh sa tuarascáil mheastóireachta neamhspleách agus (má mheasann QQI gur cuí) sa tuarascáil mheastóireachta fhormheasta (féach aonad 6.2).

Má ghlactar leis go bhfuil soláthraí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar ÚT, ní leor formheas QQI do ghnásanna DC faoi alt 30(2) d'Acht 2012, cé go bhfuil sé sin riachtanach, chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar ÚT (nó athbhreithniú ar ÚT) toisc go sáraíonn critéir ÚT scrúdú a dhéanamh ar ghnásanna dearbhaithe cáilíochta.

Leagtar amach thíos an cur chuige i leith meastóireacht neamhspleách.

De réir mar a mheasann QQI a bheith riachtanach agus trí shocrú le QQI, féadann athbhreitheoirí cuairteanna láithreáin a dhéanamh mar chuid den mheastóireacht. Féadfaidh siad agallamh a chur ar cheannaireacht an tsoláthraí, ar a fhoireann agus ar pháirtithe leasmhara ábhartha eile lena n-áirítear aon fhoghlaimeoirí ábhartha. Féadfaidh an grúpa meastóireachta aiseolas neamhfhoirmiúil a sholáthar don soláthraí ag deireadh cuairte ar láithreán. Ní bheidh aon aiseolas den sórt sin cuimsitheach agus tabharfar é gan dochar don tuarascáil mheastóireachta ormheasta (féach aonad (6.2)). De ghnáth áireofar cuairt láithreáin ar mheastóireacht neamhspleách ar iarratais ar údarás tarmligthe chun dámhachtainí ardoideachais agus oiliúna a dhéanamh.

Ní mór díriú sa tuarascáil mheastóireachta neamhspleách ar cibé an gcomhlíonann na cláir nó na haicmí clár agus oibriú agus bainistiú foriomlán an tsoláthraí na critéir maidir le tarmligean údaráis chun dámhachtainí a dhéanamh i leith clár sonraithe nó aicmí clár sonraithe, go ginearálta agus go mion. Ní mór ceann de na conclúidí foriomlána seo a leanas a áireamh ann i bhfianaise na ngnásanna agus na gcritéar is infheidhme:

(i) Sásúil *(a chiallaíonn go molann sé gur féidir le QQI a bheith sásta i gcomhthéacs alt 52(3) d'Acht 2012)*;

(ii) Sásúil faoi réir coinníollacha speisialta molta[8] (sonraithe in éineacht le scála ama chun gach coinníoll a chomhlíonadh; d'fhéadfadh go n-áireofaí orthu seo réamhriachtanais i.e. rudaí molta (mion) atá le déanamh sula gcríochnaíonn QQI an mheastóireacht agus sula ndéanann sé cinneadh); nó

(iii) Gan a bheith sásúil.

Ina theannta sin, i gcásanna eisceachtúla féadfar na 'coinníollacha speisialta' a úsáid chun codanna den iarraidh a bhfuil sé beartaithe sa mheastóireacht neamhspleách gur féidir le QQI a bheith sásta ina leith *i gcomhthéacs alt 52(3) d'Acht 2012* a shainaithint. Mar shampla, is féidir le QQI a bheith sásta i gcomhthéacs alt 52(3) d'Acht 2012 (i) go gcomhlíonann fo-thacar de

chláir agus d'aicmí clár an tsoláthraí a bhfuil údarás tarmligthe á lorg chun dámhachtain a dhéanamh ina leith, agus (ii) oibriú agus bainistíocht iomlán an tsoláthraí, na critéir arna mbunú faoi alt 52(1) (na critéir ÚT).

Féadfaidh an tuarascáil moltaí a dhéanamh, leis, lena mbreithniú ag an soláthraí.

Ceanglaítear ar gach tuarascáil mheastóireachta neamhspleách réasúnaíocht a thabhairt d'aon choinníollacha agus moltaí speisialta a mholtar don soláthraí mar aon leis an gconclúid iomlán.

Ní mór cur síos a dhéanamh sa tuarascáil ar an bpróiseas meastóireachta neamhspleách, an fhianaise a breithníodh, an mheastóireacht chórasach i gcomparáid leis na critéir, agus na meastóirí agus aon leasanna a dearbhaíodh tríothu a shainaithint (baineann sé seo le coinbhleachtaí leasa a sheachaint)..

## 6.1 MEASTÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

Beidh meastóirí oibiachtúil agus neamhspleách ar na cláir agus ar an soláthraí a dhéanfaidh an t-iarratas e.g. saor ó leasanna coinbhleachta.

Ní mór aon leasanna gaolmhara a dhearbhú sa tuarascáil mheastóireachta neamhspleách agus foilseofar í.

Ní mór do mheastóirí neamhspleácha a bheith inniúil ar mholadh a dhéanamh ar cheart nó nár cheart an t-údarás a iarrtar a tharmligean. Ciallaíonn inniúlacht a bheith in ann breithiúnais a dhéanamh agus a chosaint i gcomparáid le critéir ÚT infheidhme QQI.

Go sonrach, roghnófar meastóir nó grúpa meastóireachta a mbeidh an inniúlacht aige/acu a moladh a chosaint is cuma cad é (féach an réamhrá roimh aonad (6)). Chun meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar iarratais ar údarás tarmligthe chun dámhachtainí ardoideachais agus oiliúna a dhéanamh, áireofar sna grúpaí meastóirí (a) mac/mic léinn mar bha(i)ll agus beidh siad comhdhéanta de réir chaighdeán ESG 2.4.

Go hiondúil, beidh saineolas ag grúpaí meastóireachta ar oibriú agus ar bhainistiú soláthraithe a bhfuil údarás dámhachtana acu atá inchomparáide leis an gceann a iarrtar; i bpríomhréimsí disciplíne na gclár ábhartha agus i réimsí cineálacha lena n-áirítear oideolaíocht, measúnú, dearbhú cáilíochta agus na réimsí eile go léir atá léirithe ag critéir ÚT QQI.

Feidhmeoidh QQI a bhreithiúnas maidir leis an líon meastóirí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i gcás an iarratais i dtrácht agus na hinniúlachtaí is gá ag féachaint don soláthraí agus do na cláir ar leith agus do nádúr na gcaighdeán dámhachtainí QQI ábhartha.

Cuirfear oiliúint ar fáil do mheastóirí neamhspleácha nuair a mheasann QQI gur gá.

Níor cheart do mheastóir a bhraitheann nach bhfuil an inniúlacht aige iarratas a mheas glacadh le cuireadh chun gníomhú nó má bhraitear é seo nó má tharlaíonn coinbhleacht leasanna tar éis glacadh leis, ba cheart dó é sin a chur in iúl do QQI gan mhoill.

8 Ciallaíonn speisialta anseo sa bhreis ar roghanna as na coinníollacha a eascraíonn as aonad (8)

### 6.2 TUARASCÁIL MHEASTÓIREACHTA FHORMHEASTA

Tar éis do QQI an tuarascáil mheastóireachta neamhspleách a fháil, cuirfidh sé í ar fáil don soláthraí. Tabharfar cuireadh don soláthraí:

(i) Trácht a dhéanamh ar chruinneas fíorasach na tuarascála meastóireachta neamhspleáiche;

(ii) Aon doiciméadú agus pleananna modhnaithe ina ndírítear ar aon réamhchoinníollacha, coinníollacha agus moltaí a mholtar sa Tuarascáil Mheastóireachta Neamhspleách a chur isteach.

Féadfaidh QQI cuireadh a thabhairt don mheastóir (grúpa) neamhspleách ráiteas forlíontach a dhéanamh ar fhreagra an tsoláthraí a chuirfear san áireamh mar aguisín leis an tuarascáil. Ina dhiaidh sin, tabharfar an tuarascáil mheastóireachta neamhspleách chun críche (i gcás inar gá i gcomhairle leis an meastóir (grúpa) neamhspleách agus leis an soláthraí).

Féadfaidh QQI neamhaird a dhéanamh nó diúltú do thuarascáil mheastóireachta neamhspleách ag am ar bith mura bhfuil sé sásta go bhfuil an tuarascáil ag teacht le gnásanna agus critéir QQI le haghaidh cinneadh iarratais ar údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh nó le hAcht 2012 nó mura bhfuil muinín ag QQI in aon ghné den phróiseas meastóireachta neamhspleách.

Mar riail ghinearálta, tionscnóidh QQI próiseas meastóireachta neamhspleách nua sna cúinsí seo.

Má bhíonn QQI sásta leis an tuarascáil mheastóireachta neamhspleách glacfaidh sé í, faoi réir aon mhodhnuithe a mheasann sé is gá, mar an  tuarascáil mheastóireachta fhormheasta a ullmhaíodh faoi *alt 53(1) d'Acht 2012.* Bíonn ÚT faoi réir coinníollacha i gcónaí agus féadfaidh QQI coinníollacha a shonrú faoi alt 53(4)(b) (féach aonad 8).

# 7 AN CINNEADH A FHÓGAIRT

### 7.1 DEIMHNIÚ UM ÚDARÁS TARMLIGTHE

Déantar tarmligean údaráis chun dámhachtain a dhéanamh i leith cláir nó aicme clár a chur in iúl don soláthraí trí dheimhniú um údaráis tarmligthe a eisiúint.

Áireofar sa deimhniú um údarás tarmligthe sonraí maidir le raon feidhme agus teorainneacha an údaráis tharmligthe, amhail (ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas):

A. Ainm an tsoláthraí;

B. Teidil agus cóid na gclár agus na teidil agus na cóid dámhachtana

C. comhfhreagracha a bhfuiltear tar éis údarás chun dámhachtain a dhéanamh ina leith a tharmligean;

D. Na haicmí clár a ndéantar údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh ina leith (agus na cláir laistigh den aicme seo); agus

E. Coinníollacha an údaráis tharmligthe arna bhunú faoi alt 53(4)(b).

## 7.2 FOILSIÚ NA TUARASCÁLA MEASÚNAITHE NEAMHSPLEÁICHE

Is táirge substainteach den phróiseas an tuarascáil mheastóireachta fhormheasta mar aon leis an gcinneadh ó QQI ar an iarratas ar údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh, in éineacht leis an deimhniú um údarás tarmligthe.

Foilseofar é tar éis dheireadh na tréimhse achomhairc ach amháin má dhéantar achomharc i gcoinne an chinnidh diúltú don iarraidh ar tharmligean údaráis, agus sa chás sin foilseofar an tuarascáil mura n-éiríonn leis an achomharc.

I gcásanna áirithe, féadfar tuarascáil féinmheastóireachta an tsoláthraí a fhoilsiú faoi réir cead a fháil ón soláthraí go háirithe má léiríonn sé cleachtas den scoth.

## 7.3 FOILSIÚ FAISNÉISE TUAIRISCIÚLA AGUS RIARACHÁIN FAOIN ÚDARÁS TARMLIGTHE

Foilseofar faisnéis riaracháin áirithe freisin lena n-áirítear faisnéis faoi chinneadh an iarratais ar údarás tarmligthe, na cláir agus na haicmí clár atá i gceist, an deimhniú um údarás tarmligthe agus na socruithe is infheidhme maidir le cosaint foghlaimeoirí cláraithe (PEL).

## 7.4 ÚDARÁS TARMLIGTHE AGUS DEIMHNIÚ

Féadfaidh soláthraí a bhfuil údarás tarmligthe aige dámhachtain a dhéanamh iarraidh ar QQI, mar sin féin, na dámhachtainí a dhéanamh. Má aontaíonn QQI ansin cuirfear gnáth-tháillí dámhachtana QQI i bhfeidhm.

# 8 COINNÍOLLACHA

Is díol suntais go háirithe ailt 53(4)-53(6) sa chomhthéacs seo agus cloífidh QQI leo.

53(4) Déanfaidh an soláthraí lena mbaineann—

(a) (i) comhoibriú agus cuidiú leis an Údarás i gcomhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis a mhéid a bhaineann na feidhmeanna sin le feidhmeanna an tsoláthraí,

(ii) nósanna imeachta a bhunú atá cóir agus i gcomhréir lena chéile chun foghlaimeoirí rollaithe a mheasúnú d'fhonn a chinntiú go ndéanfaidh foghlaimeoirí rollaithe na caighdeáin eolais, scile nó inniúlachta a chinnfidh an tÚdarás faoi alt 49(1) a bhaint amach agus, más cuí,a léiriú,

(iii) leanúint d'alt 65 a chomhlíonadh maidir le socruithe chun foghlaimeoirí rollaithe a chosaint, más infheidhme, agus

(iv) cibé faisnéis a sholáthar a theastóidh ón Údarás ó am go ham chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear faisnéis maidir le rátaí críochnúcháin,

agus

(b) aon choinníoll eile a chomhlíonadh a shonróidh an tÚdarás trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don soláthraí lena mbaineann.

53(5) D'fhonn aon choinníollacha eile faoi *fho-alt (4)(b)* a chinneadh, tabharfaidh an tÚdarás aird, go háirithe, ar aon chláir de chuid an tsoláthraí den chineál dá dtagraítear in *alt 52*(10).

53(6) I gcás go ndéanann an tÚdarás údarás a tharmligean chuig soláthraí chun dámhachtain a dhéanamh, agus nár tarraingíodh siar an t-údarás faoi *alt 55*, beidh aon dámhachtain a dhéanfaidh an soláthraí de bhun an údaráis sin ina dámhachtain de chuid an tsoláthraí sin.

Tabhair ar aird go n-athbhreithneoidh QQI gach clár nó aicme clár oideachais agus oiliúna de chuid soláthraí a bhfuil an t-údarás chun dámhachtain a dhéanamh tarmligthe chuige faoi alt 53 agus oibriú agus bainistíocht iomlán an tsoláthraí sin ó am go chéile mar a mheasann sé a bheith cuí AGUS athbhreithneofar iad gach 7 mbliana ar a laghad iad tar éis an t-údarás a tharmligean. Déantar cur síos in aonad (16) ar na gnásanna le haghaidh athbhreithniú.

Má chinneann QQI tar éis athbhreithniú nach bhfuil coinníoll dá dtagraítear in alt 53(4) á chomhlíonadh, cuirfidh QQI, trí fhógra i scríbhinn, in iúl don soláthraí lena mbaineann go bhfuil sé beartaithe an t-údarás chun dámhachtain a dhéanamh a tharraingt siar nó a athrú i ndáil le clár nó cláir d'aicme a shonraítear san fhógra (féach alt 55 d'Acht 2012 le haghaidh tuilleadh sonraí. Féach aonad (17) le haghaidh sonraí.

D'fhéadfadh athbhreithniú faoi alt 55 d'Acht 2012 a bheith mar thoradh ar mhonatóireacht ar údarás tarmligthe.

## 8.1 COINNÍOLLACHA ARNA MBUNÚ FAOI ALT 53(4)(B)

Féadfaidh tarmligean údaráis chun dámhachtain a dhéanamh a bheith faoi réir ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas i ndáil leis an údarás tarmligthe áirithe sin, nó faoi réir aon choinníollacha eile, ginearálta nó sonracha, a mheasann QQI i bhfeidhmiú a fheidhmeanna a bheith cuí a fhorchur faoi alt 53(4)(b) d'Acht 2012.

I gcás ina ndéanfaidh QQI údarás a tharmligean don soláthraí chun dámhachtain a dhéanamh ach go sonraítear coinníoll i scríbhinn faoi *fho-alt (4)(b),* féadfaidh an soláthraí achomharc a dhéanamh i gcoinne an choinníll chuig an bPainéal Achomharc (Alt 53(12) d'Acht 2012).

### 8.1.1 COINNÍOLLACHA A BHAINEANN LE CLÁIR CHOMHOIBRÍOCHA 52(10)

A. I gcás ina bhfuil údarás tarmligthe ag soláthraí chun dámhachtain a dhéanamh i leith clár áirithe agus gur mian leis clár comhchosúil a eagrú nó a fháil (i.e. a bhfuil an curaclam céanna aige) a sholáthróidh duine eile go hiomlán nó go páirteach agus an dámhachtain a dhéanamh i leith an chláir chomhchosúil, ní mór dó údarás tarmligthe a iarraidh chun an dámhachtain a dhéanamh i leith an chláir chomhchosúil.

B. Soláthraithe nár dhírigh a ngnásanna dearbhaithe cáilíochta agus a n-oibriú agus a mbainistíocht iomlán tráth an iarratais ar údarás tarmligthe ar sholáthar comhoibríoch, ní fhéadfaidh siad dámhachtainí a dhéanamh i leith cláir a sholáthraíonn duine eile (soláthraí eile) go hiomlán nó go páirteach.

C. Faoi réir (b), i gcás inar mian le soláthraí a bhfuil údarás tarmligthe aige chun dámhachtain a dhéanamh i leith aicme clár, clár a eagrú nó a fháil a sholáthraíonn duine eile go hiomlán nó go páirteach, ní mór don soláthraí na nithe seo a leanas a aontú leis an duine sin:

   (i) meabhrán foirmiúil comhaontaithe maidir le hoibriú agus bainistiú iomlán an tsocraithe comhoibríoch; agus

   (ii) gnásanna i scríbhinn maidir le dearbhú cáilíochta chun críocha cáilíocht oideachais, oiliúna, taighde agus seirbhísí gaolmhara an tsoláthraí sin a fháil amach, a chinntiú, a choinneáil agus a fheabhsú.

   Ina theannta sin, caithfidh aonaid 8.1.1(c)(i) agus 8.1.1(c)(ii) a bheith comhsheasmhach leis an údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh, le critéir ÚT QQI, le treoirlínte dearbhaithe cáilíochta QQI, le gnásanna dearbhaithe cáilíochta formheasta QQI agus leis an deimhniú um údarás tarmligthe lena n-áirítear coinníollacha an údaráis tharmligthe.

D. I gcás ina bhfuil údarás tarmligthe ag soláthraí chun dámhachtain a dhéanamh i leith aicme clár agus go mbeartaíonn sé dámhachtain a dhéanamh i leith clár laistigh den aicme sin a sholáthróidh duine eile go hiomlán nó go páirteach, ní mór dó a chinntiú go mbunófar an meabhrán agus na gnásanna dá dtagraítear in aonad 8.1.1(c)(i) agus (ii)sula dtabharfar fógra do QQI faoi alt 53(7) d'Acht 2012. Ní mór dó an clár sin a bhailíochtú ar dtús freisin; féach aonad (20.1).

E. Ní cheadófar togra faoi (e) ach amháin i leith clár 'an tsoláthraí' lena mbaineann. Ciallaíonn sé seo nach mór don soláthraí an clár a bhfuil sé beartaithe aige dámhachtain a dhéanamh ina leith a sholáthar, a eagrú nó a fháil. Ní fhéadfaidh soláthraí a bhfuil ÚT aige moladh a dhéanamh maidir le dámhachtain a dhéanamh ar shlí eile faoi ÚT, nó dámhachtain a thairiscint faoi ÚT, i leith clár a bhaineann le soláthraithe eile.

### 8.1.2 COINNÍOLL AN ÚDARÁIS THARMLIGTHE MAIDIR LE CLÁIR THRASNÁISIÚNTA

A. Más rud é, aon tráth tar éis do QQI údarás a tharmligean chuig soláthraí chun dámhachtain a dhéanamh i leith aicme cláir, go mbeartaíonn an soláthraí clár trasnáisiúnta[9] a bhailíochtú a mheasann sé a thagann laistigh den aicme ach nár sonraíodh an clár faoi alt 52(6), rachaidh an soláthraí i gcomhairle le QQI (i scríbhinn) trí mhí roimh an clár a bhailíochtú.

### 8.1.3 COINNÍOLL MAIDIR LE HÚDARÁS TARMLIGTHE MAIDIR LE HATHRÚ AR DHÁMHACHTAIN NÓ AR CHAIGHDEÁN DÁMHACHTANA QQI

A. I gcás ina n-athraíonn QQI teideal dámhachtana, sonraíocht dámhachtana nó caighdeán dámhachtana ar a mbraitheann clár, ní chláróidh an soláthraí aon fhoghlaimeoirí breise ar na cláir lena mbaineann, mura gcuireann QQI a mhalairt in iúl i scríbhinn, go dtí go ndéanfar na cláir lena mbaineann a athbhailíochtú.

B. Soláthraí ar mian leis clár trasnáisiúnta a sholáthar as a leanann dámhachtain a dhéanfar faoi údarás tarmligthe, rachaidh sé i gcomhairle leis na húdaráis ábhartha go léir (lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do na húdaráis um dhearbhú cáilíochta agus um aithint cáilíochtaí) i ngach dlínse ina ndéanfar an clár a sholáthar, agus comhlíonfar gach rialachán áitiúil lena mbaineann.

### 8.1.4 NEAMH-INAISTRITHEACHT

A. Ní fhéadfar údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh a aistriú nó a fháil le hoidhreacht nó a leathnú ó sholáthraí amháin go soláthraí eile. Tar éis údarás a tharmligean do sholáthraí sonrach, ní mór dó fanacht laistigh den soláthraí sin. Más amhlaidh, mar shampla, go ndéanann eintiteas eile an soláthraí a thógáil ar láimh agus má mhaireann an soláthraí bunaidh mar aonad scoite i gcónaí atá in ann feidhmiú mar sholáthraí laistigh den eintiteas fála, d'fhéadfadh go mbeadh an t-aonad sin in ann an t-údarás tarmligthe a choinneáil; (féach aonaid 8.1.5 agus 8.1.6), ach ní in aon chás eile.

B. Faoi réir (a), soláthraí a bhfuil údarás tarmligthe aige ó QQI, ní fhéadfaidh sé an t-údarás tarmligthe a tharmligean ná ní fhéadfaidh sé cearta i leith a údarás tarmligthe a shaincheadú, a dhíol ná a aistriú.

### 8.1.5 ATHRÚ AR CHÚINSÍ, AR ÚINÉIREACHT NÓ AR STÁDAS DLÍTHIÚIL

A. I gcás ina dtarlaíonn athrú ar thosca (m.sh. úinéireacht nó stádas dlíthiúil) soláthraí a bhfuil údarás tarmligthe aige chun dámhachtain a dhéanamh, ní mór dó fógra a thabhairt i scríbhinn do QQI chun a chumasú do QQI measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí d'údarás chun dámhachtainí a dhéanamh arna dtarmligean chuig an soláthraí sin faoi alt 53 d'Acht 2012.

### 8.1.6 COINNÍOLL FAOI CHUMAISC AGUS ÉADÁLACHA

A. I gcás inar dócha go ndéanfaidh soláthraí a bhfuil údarás tarmligthe aige chun dámhachtain a dhéanamh cumasc (cónascadh) le heintiteas eile nó go bhfaighidh sé eintiteas eile, nó go ndéanfaidh eintiteas eile é a fháil, ní mór dó fógra a thabhairt i scríbhinn do QQI chun a chumasú do QQI na himpleachtaí d'údarás chun dámhachtainí arna dtarmligean chuig an soláthraí sin faoi alt 53 d'Acht 2012 a mheasúnú.

### 8.1.7 COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA

Cinnteoidh an soláthraí

A. Nach mbeidh aon difear ábhartha idir na cláir, agus na haicmí clár mar a chuirtear chun feidhme iad agus a n-oibriú agus a mbainistiú foriomlán agus an méid atá leagtha amach sna doiciméid a thacaíonn leis an iarratas ar údarás tarmligthe; sainmhínítear a bheith difriúil ar bhealach ábhartha mar a bheith difriúil in aon ghné a bhí ábhartha do chritéir ÚT QQI.

B. Go gcuirtear an fhoireann chuí agus na hacmhainní fisiceacha ar fáil do na cláir.

C. Agus an clár agus na dámhachtainí á bhfógairt agus á bpoibliú, go n-úsáidfear na cineálacha dámhachtana cearta agus na haicmí dámhachtana cearta a thaispeánann leibhéal na dámhachtana ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí a úsáid.

D. Scéala i scríbhinn a chur chuig QQI (féach alt 83 d'Acht 2012 ar sheirbheáil doiciméad) gan mhoill i gcás:

   (i) aon athrú ábhartha ar na cláir[10] i dtrácht nó ar an oibriú nó ar an mbainistíocht iomlán;

   (ii) aon rud a dhéanann difear d'iomláine nó do dhea-cháil na gclár, na n-aicmí clár nó do na dámhachtainí comhfhreagracha;

   (iii) aon rud a sháraíonn coinníollacha an údaráis tharmligthe; nó

   (iv) aon rud a d'fhéadfadh a chur faoi deara go smaoineodh QQI ar athbhreithniú a dhéanamh ar chlár nó ar aicme clár de chuid an tsoláthraí a bhfuil údarás chun dámhachtain a dhéanamh tarmligthe chuige faoi alt 53 nó ar oibriú agus ar bhainistiú iomlán an tsoláthraí sin.

E. Tuairisciú do QQI, nuair is gá nó nuair a iarrtar sin, maidir le haon cheann dá chláir nó dá aicmí cláir oideachais agus oiliúna a bhfuil údarás chun dámhachtain a dhéanamh tarmligthe ina leith faoi alt 53, ar a oibriú agus a bhainistiú foriomlán agus ar cibé an gcomhlíontar coinníollacha an údaráis tharmligthe.

9 Léiríonn an coinníoll seo go bhféadfadh cláir thrasnáisiúnta a bheith i bhfad níos casta le bainistiú agus lena gcáilíocht a dhearbhú ná cláir a chuirtear ar fáil i dtír dhúchais an tsoláthraí.

### 8.1.8 DEARADH AGUS FOIRM DÁMHACHTAINÍ ARNA NDÉANAMH FAOI ÚDARÁS TARMLIGTHE

Seo mar a dhéanfaidh an soláthraí

A. Rachfar i gcomhairle le QQI sula dtabharfar chun críche dearaí agus foirmeacha dámhachtainí atá le déanamh faoi údarás tarmligthe.

B. Cinnteofar go luaitear i ndearadh na dámhachtana go ndéantar an dámhachtain faoi údarás tarmligthe ó QQI.

### 8.1.9 COINNÍOLLACHA SPEISIALTA

Féadfaidh QQI coinníollacha speisialta a cheangal (féach aonad (6)).

## 9 ÚDARÁS TARMLIGTHE CHUN DÁMHACHTAIN A DHÉANAMH I LEITH CLÁR NUA

Is díol suntais go háirithe ailt 53(7)-53(10) sa chomhthéacs seo agus cloífidh QQI leo.

> 53(7) Más rud é, aon tráth tar éis don Údarás údarás a tharmligean chuig soláthraí chun dámhachtain a dhéanamh i leith aicme cláir, go mbeartaíonn an soláthraí dámhachtain a dhéanamh i leith clár a mheasann sé nó sí atá san aicme sin ach nár sonraíodh an clár faoi alt 52(6), tabharfaidh an soláthraí fógra i scríbhinn don Údarás maidir lena thogra.
>
> 53(8) Féadfaidh an tÚdarás, laistigh de thréimhse míosa tar éis togra faoi fho-alt (7) a fháil, fógra i scríbhinn a thabhairt don soláthraí á rá nach measann sé go bhfuil an clár in aicme cláir a bhfuil údarás tarmligthe ag an soláthraí chun dámhachtain a dhéanamh ina leith.
>
> 53(9) I gcás go dtugann an tÚdarás fógra do sholáthraí fho-alt (8), ní dhéanfaidh an soláthraí dámhachtain i leith an chláir lena mbaineann.
>
> 53(10) I gcás nach bhfaigheann soláthraí fógra ón Údarás faoi fhoalt (8), féadfaidh an soláthraí, tar éis dheireadh na tréimhse míosa dá dtagraítear san fho-alt sin, dámhachtain a dhéanamh i leith an chláir lena mbaineann.

Ní mór fógra do QQI faoi alt 53(7) a dhéanamh i scríbhinn chuig QQI, i litir chláraithe nó ar cheann de na slite eile atá sonraithe in alt 83 d'Acht 2012.

10 Áirítear leis seo cláir ar tarmligeadh údarás ina leith agus cláir in aon aicmí clár ar tarmligeadh údarás ina leith.

## 10 ACHOMHARC IN AGHAIDH DIÚLTÚ CHUN ÚDARÁS A THARMLIGEAN NÓ IN AGHAIDH COINNÍOLLACHA

53(11) I gcás go ndiúltaíonn an tÚdarás faoi fho-alt (3)(b) an t-údarás chun dámhachtain a dhéanamh i leith clár oideachais agus oiliúna, nó aicme cláir oideachais agus oiliúna, a tharmligean chuig soláthraí féadfaidh an soláthraí achomharc a dhéanamh chuig an bPainéal Achomharc in aghaidh an diúltaithe sin.

53(12) ) I gcás go ndéanann an tÚdarás údarás a tharmligean chuig an soláthraí chun dámhachtain a dhéanamh, ach go sonraíonn sé coinníoll i scríbhinn faoi fho-alt (4)(b), féadfaidh an soláthraí achomharc a dhéanamh chuig an bPainéal Achomharc in aghaidh an choinníll.

Foilsítear ar láithreán gréasáin QQI na gnásanna chun achomharc a dhéanamh.

## 11 CION

53(13) Aon soláthraí a mhaíonn nó a thugann le fios, go bréagach, go ndearna an tÚdarás údarás chun dámhachtain a dhéanamh i leith clár oideachais agus oiliúna, nó aicme cláir oideachais agus oiliúna, a tharmligean chuig an soláthraí, déanann sé cion.

## 12 COMHDHÁMHACHTAIN

53(14) I gcás go ndearna soláthraí údarás a tharmligean faoin alt seo chun dámhachtain a dhéanamh agus go ndéanann an soláthraí socrú le comhlacht dámhachtana eile comhdhámhachtain a dhéanamh i leith clár oideachais agus oiliúna de chuid an tsoláthraí, tabharfaidh an soláthraí sin fógra don Údarás maidir leis an socrú laistigh de 14 lá tar éis an socrú a dhéanamh.

Ní mór fógra do QQI faoi alt 53(7) a dhéanamh i scríbhinn chuig QQI, i litir chláraithe nó ar cheann de na slite eile atá sonraithe in alt 83 d'Acht 2012.

# CUID 3: GNÁSANNA CHUN IARRATAS A CHINNEADH AR ÚDARÁS TARMLIGTHE CHUN DÁMHACHTAIN A DHÉANAMH

## 13 RÉAMHRÁ

Leagtar amach in Aonad 14 na critéir maidir le hoibriú[11] agus bainistíocht iomlán agus in Aonad 15 na critéir maidir le cláir agus aicmí clár.

Tá na critéir uimhrithe agus tá riachtanais fianaise ag gabháil leo. Is gá díriú ar na critéir agus ar na riachtanais fianaise nuair a iarrtar údarás tarmligthe.

Tá roinnt forluí idir na topaicí a ndírítear orthu sna critéir seo agus iad siúd a ndírítear orthu i gcritéir le haghaidh bailíochtú, treoirlínte um dhearbhú cáilíochta agus a leithéid. Mar sin féin, téann na critéir seo i bhfad níos faide ná dearbhú cáilíochta agus réim na ngnáthaonad dearbhaithe cáilíochta. Mar shampla, tá rialachas agus bainistíocht chorparáideach agus acadúil (agus ní hamháin DC ina leith seo) le sonrú go láidir sna critéir.

Ní mór díriú ar na critéir as an nua agus údarás tarmligthe á iarraidh.

Ag feitheamh ar ghnásanna agus critéir nua a thabhairt chun críche maidir le tarmligean údaráis chun dámhachtainí a dhéanamh i leith cláir chéime trí thaighde, beidh feidhm ag na doiciméid “Beartas agus Critéir um Chláir Chéime trí Thaighde” agus “Beartas agus Critéir chun Údarás a Tharmligean chuig na hInstitiúidí Teicneolaíochta chun Dámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (comhdhámhachtainí san áireamh) a dhéanamh” ó thaobh iarratais ar tharmligean údaráis agus athbhreithnithe ar tharmligean údaráis chun dámhachtainí céime trí thaighde a dhéanamh ach gabhfaidh na Gnásanna agus na Critéir maidir le Tarmligean Údaráis nua áit Chritéir agus Gnásanna maidir le Tarmligean Údaráis chun Dámhachtainí a Dhéanamh 2004”.

## 14 CRITÉIR MAIDIR LE HOIBRIÚ AGUS BAINISTÍOCHT IOMLÁN (ARNA MBUNÚ FAOI ALT 52(1))

### 14.1 CUIMSÍTEAR I RAON FEIDHME GNÁSANNA DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA AN TSOLÁTHRAÍ ARNA MBUNÚ FAOI ALT 28 D’ACHT 2012, MAR A GCUIRTEAR CHUN FEIDHME IAD, NA CLÁIR AGUS NA HAICMÍ CLÁR A N-IARRTAR ÚDARÁS TARMLIGTHE INA LEITH.

11 Gníomhaíochtaí laethúla an tsoláthraí.

## 14.2 TÁ STRAITÉIS SHOILÉIR RÉALAÍOCH AG AN SOLÁTHRAÍ DO NA CLÁIR OIDEACHAIS, OILIÚNA AGUS TRÍ THAIGHDE[12] AGUS DO NA SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA A THAGANN LAISTIGH DE RAON FEIDHME AN ÚDARÁIS THARMLIGTHE ARNA IARRAIDH

Mar chabhair chun an critéar seo a chomhlíonadh ní mór don soláthraí fianaise a sholáthar ar na nithe seo a leanas.

1. Tá an soláthraí tiomanta go hiomlán ó thaobh fealsúnachta agus airgeadais de do rathúlacht a chláir oideachais agus oiliúna.
2. Tá ráiteas misin fógartha ag an soláthraí ina sainaithnítear a ról agus a chuspóirí maidir leis na seirbhísí oideachais, oiliúna, taighde agus seirbhísí gaolmhara a sholáthraíonn sé.
3. Tá straitéis ag an soláthraí chun a mhisean a bhaint amach agus tá aidhmeanna, cuspóirí agus pleananna bunaithe aige.
4. Déanann an soláthraí pleanáil chórasach chun a mhisean a chomhlíonadh, le tagairt ar leith do cháilíocht an oideachais, na hoiliúna, an taighde agus na seirbhísí gaolmhara a sholáthraíonn sé.
5. Tá gaol soiléir agus dlúth idir an phleanáil seo (4) agus cinntí an tsoláthraí ar leithdháileadh acmhainní.
6. (Cuireann an soláthraí a phleananna i bhfeidhm, déanann sé monatóireacht ar dhul chun cinn agus déanann sé meastóireacht rialta ar éifeachtúlacht a straitéise agus a phleananna.
7. Bíonn geallsealbhóirí ábhartha inmheánacha agus seachtracha rannpháirteach go gníomhach sna gníomhaíochtaí pleanála agus meastóireachta.
8. Tugann an soláthraí aird ar leith, ina mheastóireacht ar mholtaí do chláir nua, ar ról na gclár sin i gcomhthéacs foriomlán fhorbairt phleanáilte an tsoláthraí agus ar na himpleachtaí acmhainne i gcomhthéacs an tsoláthair reatha.
9. Cuireann an soláthraí i bhfeidhm go córasach faisnéis a fhaightear trína ghníomhaíochtaí monatóireachta agus meastóireachta chun bonn eolais a chur faoina phleanáil, go háirithe mar a bhaineann sé le gnóthachtáil an fhoghlaimeora.
10. Déanann an soláthraí monatóireacht éifeachtach agus measúnú tréimhsiúil ar chomhlíonadh a mhisin, agus dírítear thar aon ní eile ar a chuspóirí oideachais, oiliúna, taighde agus na seirbhísí gaolmhara a sholáthraíonn sé a bhaint amach.
11. (Déanann an soláthraí athbhreithniú rialta ar éifeachtúlacht a chur chuige maidir le pleanáil agus le meastóireacht.
12. Déanann an soláthraí athbhreithniú tréimhsiúil ar a ráiteas misin agus a straitéis i gcomhairle lena pháirtithe leasmhara.

12 Déantar amhlaidh nuair a chuirtear cláir thaighde ar fáil.

## 14.3 DÉANTAR AN SOLÁTHRAÍ A RIALÚ, A BHAINISTIÚ AGUS A RIAR GO HÉIFEACHTACH LE LÍNTE CUNTASACHTA SOILÉIRE AGUS CUÍ AR AN IOMLÁN AGUS DÁ SHEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS, OILIÚNA, TAIGHDE AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA[13]

## 14.4 TÁ BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS AN TSOLÁTHRAÍ STUAMA AGUS TÁ GAOL SOILÉIR IDIR A BHEARTAS AIRGEADAIS AGUS COSAINT CHÁILÍOCHT AGUS CHAIGHDEÁIN[14] GACH CLÁIR AGUS GACH DÁMHACHTANA OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA DÁ CHUID.

## 14.5 TÁ AON CHEANN DE GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AN TSOLÁTHRAÍ NACH MBAINEANN LE HOIDEACHAS NÓ LE HOILIÚINT COMHOIRIÚNACH LE CLÁIR OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA A SHOLÁTHAR AGUS LE DÁMHACHTAINÍ OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA A DHÉANAMH.

Mar chabhair chun critéir 14.3, 14.4 agus 14.5 a chomhlíonadh ní mór don soláthraí fianaise a sholáthar ar na nithe seo a leanas.

1. Tá beartais phleanála airgeadais, dearbhaithe cáilíochta agus leithdháilte acmhainní an tsoláthraí comhleanúnach agus comhsheasmhach lena mhisean sainráite oideachais agus oiliúna, agus lena straitéis, pleananna, aidhmeanna agus cuspóirí.
2. Tuigtear misean oideachais agus oiliúna an tsoláthraí agus na beartais agus na córais ghaolmhara agus cuireann iad siúd atá bainteach leis an soláthar aseo, agus foghlaimeoirí rollaithe, nuair is cuí, i bhfeidhm go comhsheasmhach iad.
3. Feidhmíonn struchtúir eagraíochtúla agus próisis chinnteoireachta an tsoláthraí go héifeachtach chun comhlíonadh a mhisin a éascú.
4. Is pobal oideachais féinchriticiúil, comhtháite é an soláthraí le tiomantas léirithe do dhearbhú cáilíochta arna thacú ag córais éifeachtacha cáilíochta agus feabhsaithe.
5. Tá soiléireacht feidhme agus freagrachta ag gach leibhéal in eagraíocht an tsoláthraí maidir lena struchtúir rialachais agus a chórais chun a sholáthar oideachais agus oiliúna a bhainistiú.
   - (i) Cuimsíonn an struchtúr rialachais dhá choiste ar a laghad: foras rialaithe (nó a chomhionann) le freagracht iomlán as beartais agus coiste acadúil (nó a choibhéis) a bhfuil freagrachtaí air maidir le caighdeáin agus cáilíocht oideachais agus oiliúna.
   - (ii) Tá príomhfheidhmeannach (nó a chomhionann) ag an soláthraí a stiúrann a ghníomhaíochtaí agus atá freagrach dá fhoras rialaithe as oibriú agus bainistiú éifeachtach agus ceart an tsoláthraí.

---

13 Déantar na critéir seo agus na riachtanais fhianaise seo a leanas a chóipeáil le roinnt oiriúnú ó IS in “Taught Degree Awarding Powers and Research Degree Awarding Powers Guidance for Education Providers: Criteria and Process for applying for Taught Degree Awarding Powers and Research Degree Awarding Powers” UK Department of Business, Innovation and Skills September 2015, BIS/15/525, Gheofar faisnéis earnála poiblí ann atá ceadúnaithe faoi Cheadúnas Rialtais Oscailte v3.0. (Crown Copyright 2015, https://www.nationalarchives.gov.uk/doc/open-government-licence/version/3/)

14 Is éard atá i gceist an ghnóthachtáil iarbhír a theastaíonn chun cáiliú do na dámhachtainí a dhéanann an soláthraí. Leagann QQI síos na caighdeáin reachtúla do dhámhachtainí a dhéantar faoi údarás tarmligthe.

(iii) Tá critéir bhallraíochta fhorordaithe ag gach coiste, chomh maith le téarmaí tagartha maidir lena bhfreagrachtaí, a gcumhachtaí agus a bpróisis chinnteoireachta agus sceidil a chomhlíonadh. Tá an idirghaolmhaireacht idir na coistí agus an pearsanra ar fad soiléir agus gan athbhrí.

(iv) Déantar imeachtaí na gcoistí go léir a thaifeadadh go foirmiúil i miontuairiscí, a chuirtear ar fáil mar is cuí laistigh den soláthraí. Cuirtear ar fáil do QQI iad, freisin, maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna.

(v) Soláthraíonn an struchtúr eagraíochtúil agus beartais an tsoláthraí cosaintí in aghaidh neamhghnímh, míghnímh agus mí-iompair oifigiúil ó eilimint ar bith sa chóras.

(vi) Tá córas éifeachtach i bhfeidhm ag an soláthraí chun déileáil le haon ghearán maidir lena fheidhmiú.

(vii) Coinnítear taifid riaracháin go sásúil. Tá córais ag an soláthraí lena chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais eitice, ghairmiúla, rialála agus dlíthiúla go léir ina leith seo.

(viii) Déanann an soláthraí athbhreithniú rialta ar éifeachtacht a chóras rialachais, bainistíochta agus riaracháin. Úsáidtear na torthaí ar athbhreithnithe dá leithéid chun feabhsuithe a dhéanamh.

6. Tá doimhneacht agus neart leis an gceannaireacht oideachais agus oiliúna i ngach cuid de sholáthar oideachais agus oiliúna an tsoláthraí.

7. Déanann an soláthraí a bheartais agus a chórais oideachais agus oiliúna a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chur in iúl i gcomhar leo siúd a bhfuil freagracht orthu as a chláir oideachais agus oiliúna a sholáthar, agus le páirtithe leasmhara ábhartha.

8. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar bheartais oideachais agus oiliúna an tsoláthraí, ar chórais agus ar ghníomhaíochtaí an tsoláthraí agus déantar beart cuí agus tráthúil nuair a shainaithnítear easnaimh.

9. Gníomhaíonn an soláthraí go héifeachtach chun láidreachtaí a aithint agus a chothabháil agus chun laigí a bhrath agus freagairt go cuí dóibh.

10. Tá cur chuige stuama ag an soláthraí maidir le rioscaí a aithint agus a bhainistiú.

11. Cuirtear san áireamh i seirbhísí oideachais, oiliúna, taighde agus seirbhísí gaolmhara an tsoláthraí, nuair is infheidhme:

(i) An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 (arna leasú faoi láthair);

(ii) Treoirlínte dearbhaithe cáilíochta QQI arna mbunú faoi alt 27 d'Acht 2012;

(iii) An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí agus na beartais agus na critéir ar a bhfuil sé bunaithe (alt 43 d'Acht 2012);

(iv) caighdeáin dámhachtana QQI arna gcinneadh faoi alt 49(1) d'Acht 2012;

(v) beartais agus critéir QQI chun dámhachtainí a dhéanamh arna mbunú faoi alt 50(1) d'Acht 2012;

(vi) beartais agus critéir QQI maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú i ndáil le foghlaimeoirí faoi alt 56(1) d'Acht 2012;

(vii) Cód Cleachtais QQI maidir le Cláir Oideachais agus Oiliúna a Sholáthar d'Fhoghlaimeoirí Idirnáisiúnta arna bhunú faoi alt 60(1) d'Acht 2012;

(viii) agus beartais, prótacail, treoirlínte, coinbhinsiúin agus nósanna imeachta infheidhme eile arna mbunú ag QQI chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

12. Tá éifeacht le riosca oideachais agus oiliúna agus straitéisí an tsoláthraí um bainistíocht ar athrú.
13. Tá meicníochtaí láidre bunaithe ag an soláthraí chun a chinntiú nach gcuirtear caighdeáin iarbhír[15] a dhámhachtainí oideachais agus oiliúna i mbaol agus go bhfuil siad comhsheasmhach leis na caighdeáin dámhachtainí QQI infheidhmithe (féachtar alt 43(5) d'Acht 2012 Act).
14. Tá an cumas ag an soláthraí bainistiú rathúil a dhéanamh ar na freagrachtaí breise a bheadh dílsithe dó dá dtabharfaí údarás tarmligthe dó chun dámhachtain a dhéanamh.
15. Áiríonn beartais agus córais an tsoláthraí pleananna teagmhasacha chun déileáil leis na hiarmhairtí a bhaineann le húdarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh (féach aonad (17)) a tharraingt siar nó a athrú.

## 14.6 TÁ OIBRIÚ AGUS BAINISTIÚ AN TSOLÁTHRAÍ I GCÁS SOLÁTHAR COMHOIBRÍOCH AGUS, NUAIR IS INFHEIDHME, TRASNÁISIÚNTA STUAMA

Mar chabhair chun an critéar seo a chomhlíonadh ní mór don soláthraí fianaise a sholáthar ar na nithe seo a leanas.

1. Rialaíonn comhaontuithe stuama atá ceangailteach ó thaobh dlí gach gníomhaíocht chomhoibríoch a bhaineann le cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar, comhdhámhachtainí agus aon ghnéithe eile a bhaineann leis an údarás tarmligthe ionchasach.

## 14.7 TÁ AN BONNEAGAR AGUS NA CÓRAIS RIACHTANACHA BUNAITHE AG AN SOLÁTHRAÍ DO BHAINISTIÚ FAISNÉISE AGUS SONRAÍ (LENA N-ÁIRÍTEAR ACH GAN A BHEITH TEORANTA DO THAIFID FOGHLAIMEOIRÍ)

## 14.8 TÁ OIBRIÚ AGUS BAINISTÍOCHT IOMLÁN AN TSOLÁTHRAÍ MAIDIR LE CLÁIR OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA A SHOLÁTHAR, A EAGRÚ AGUS A FHÁIL AGUS LE DÉANAMH DÁMHACHTAINÍ OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA STUAMA.

Mar chabhair chun an critéar seo a chomhlíonadh ní mór don soláthraí fianaise a sholáthar ar na nithe seo a leanas.

15 Ciallaíonn sé seo an t-eolas, an scil agus an inniúlacht atá riachtanach go praiticiúil chun cáiliú do dhámhachtain de chuid an tsoláthraí.

1. (1) Tá creat rialála cuí i bhfeidhm ag an soláthraí le dóthain acmhainní daonna agus acmhainní eile oiriúnacha, chun oideachas, oiliúint, agus measúnú agus seirbhísí gaolmhara a rialú (lena gclúdaítear, mar shampla, iontrálacha, dul chun cinn, measúnú, achomhairc agus gearáin ó mhic léinn).
2. Tá beartais agus critéir um bailíochtú molta an tsoláthraí (ceadú clár, féach aonad (20.1)) ag teacht le beartais agus critéir QQI um bailíochtú, tá siad soiléir, gan athbhrí agus tá socruithe stuama ann chun iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
3. Tá gnásanna ag an soláthraí maidir le hathbhailíochtú tréimhsiúil (gach cúig bliana de ghnáth) ar na cláir a ndéanann sé bailíochtú orthu.
4. Foilsítear tuarascálacha bailíochtaithe agus athbhailíochtaithe.
5. Cloíonn creat rialála molta an tsoláthraí agus a ghnásanna chun dámhachtainí a dhéanamh le beartais agus critéir QQI chun dámhachtainí a dhéanamh arna gcinneadh faoi alt 50 d'Acht 2012 agus tá siad éifeachtach, soiléir agus gan athbhrí; agus tá socruithe stuama ann maidir lena gcur chun feidhme go comhsheasmhach.

   (i) Tá na dearaí don dámhachtain bheartaithe (m.sh. teastas, dioplóma, agus céim) a chuirtear i láthair leis an iarratas ar údarás tarmligthe iomlán agus comhsheasmhach le beartais agus critéir QQI maidir le dámhachtainí a dhéanamh, ag teacht le dearaí QQI féin agus áirítear leo gnéithe slándála éifeachtacha a bheith éifeachtach ó thaobh iarrachtaí ar ghóchumadh a chomhrac.

   (ii) Léiríonn an fhoclaíocht a úsáidfear ar dhámhachtainí (má tharmligtear údarás) go ndéantar an dámhachtain faoi údarás arna tharmligean ag QQI faoi alt 53 d'Acht 2012.

   (iii) Tá gnásanna, córais agus acmhainní ag an soláthraí chun a chinntiú go gcomhlíonann formáidí dámhachtana (m.sh. teastas, dioplóma agus céim) (a bhaineann le pár agus meáin ar bith eile chun dámhachtainí a eisiúint) riachtanais QQI i gcónaí.

   (iv) Tá gnásanna ag an soláthraí lena chinntiú go ndéantar idirdhealú maith idir dámhachtainí a dhéantar faoi údarás tarmligthe agus aon tras-scríbhinní, teastais agus a leithéid a d'fhéadfadh an soláthraí a thairiscint.

   (v) Tá córais agus acmhainní oiriúnacha ag an soláthraí chun sonraí a bhailiú agus a chur i gcartlann go slán agus go hiontaofa (go buan) i gcás gach dámhachtana a dhéantar faoi údarás tarmligthe agus tá na ceadanna riachtanacha faighte aige ó fhoghlaimeoirí agus tá na socruithe riachtanacha déanta aige lena chinntiú gur féidir agus go ndéanfar na sonraí sin a aistriú chuig QQI sa chás go dtarraingíonn QQI siar an t-údarás chun dámhachtainí a dhéanamh.
6. Tá gnásanna molta an tsoláthraí lena mbunaítear socruithe le forais cháiliúcháin eile chun comhdhámhachtainí a dhéanamh éifeachtach, soiléir agus gan athbhrí; agus tá socruithe stuama ann maidir lena gcur chun feidhme go comhsheasmhach.
7. Comhlíonann gnásanna an tsoláthraí chun foghlaimeoirí a mheasúnú ceanglais Acht 2012 agus tá siad comhsheasmhach le treoirlínte measúnaithe QQI, le coinbhinsiúin agus le prótacail do chláir as a leanann dámhachtainí QQI agus le Treoirlínte QQI maidir le modhnú an mheasúnaithe.
8. Bainistíonn an soláthraí a chuid acmhainní airgeadais ar mhaithe le cáilíocht na gclár oideachais agus oiliúna a sholáthraítear, a eagraítear nó a fhaightear a choinneáil agus a fheabhsú agus déanann sé iarracht acmhainní dóthanacha a bhaint amach chun soláthar

a dhéanamh do chríochnú[16] aon chláir as a leanann dámhachtainí a dhéantar faoi údarás tarmligthe ar a gcláraíonn sé foghlaimeoirí.

(i) cuirtear baill foirne ábhartha ar an eolas faoi bheartais agus gnásanna an tsoláthraí maidir le dearadh, monatóireacht agus athbhreithniú clár, agus tugtar treoir dóibh;[17]

(ii) déantar an cúram as tograí nua do chláir a leasú nó a fheabhsú a shannadh go soiléir agus déantar monatóireacht chúramach ar ghníomhartha dá éis;

(iii) déantar comhleanúnachas clár a bhfuil gnéithe iolracha nó bealaí malartacha iontu a chinntiú agus a choinneáil;

(iv) coimeádtar dlúthnaisc idir seirbhísí tacaíochta foghlama agus socruithe pleanála, ceadaithe, monatóireachta agus athbhreithnithe do chláir an tsoláthraí;

(v) tá socruithe láidre ann lena chinntiú gur leor na deiseanna foghlama a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí dá chuid a d'fhéadfadh a bheith ag staidéar i bhfad ón eagraíocht;

(vi) trína chleachtais phleanála, cheadaithe, athbhreithnithe agus mheasúnaithe, sainmhíníonn sé torthaí foghlama beartaithe ar chláir, déanann sé monatóireacht agus athbhreithniú orthu, agus coinníonn sé caighdeáin iarbhír atá comhsheasmhach leo sin agus le caighdeáin dámhachtainí QQI is infheidhme;

(vii) tá sásraí soiléire i bhfeidhm lena n-úsáid nuair a dhéantar cinneadh gan gné de chláir a sholáthar nó deireadh a chur lena sholáthar, agus leasanna foghlaimeoirí a chosaint agus é sin á dhéanamh; áirítear orthu sin na socruithe a cheanglaítear faoi Chuid 6 d'Acht 2012.

## 14.9 TÁ DÓTHAIN BALL FOIRNE OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA AG AN SOLÁTHRAÍ ATÁ AR FÁIL AGUS INNIÚIL CHUN OIDEACHAS AGUS OILIÚINT A DHÉANAMH, CHUN FOGHLAIM A ÉASCÚ AGUS CHUN FOGHLAIMEOIRÍ A MHEASÚNÚ LAISTIGH DE RAON FEIDHME AGUS SCÁLA AN TSOLÁTHAIR A N-IARRTAR ÚDARÁS TARMLIGTHE INA LEITH.

Mar chabhair chun an critéar seo a chomhlíonadh ní mór don soláthraí fianaise a sholáthar ar na nithe seo a leanas.

1. Tá líon, cáilíochtaí agus taithí na foirne oiriúnach.
2. Tá na cóimheasa foirne le foghlaimeoirí do gach clár agus na saintreoracha/sonraíochtaí comhfhreagracha d'aicmí clár stuama, faoi mhonatóireacht agus comhsheasmhach leis na straitéisí teagaisc, foghlama agus measúnaithe.
3. Tá baint ag an bhfoireann, mar is cuí, le pobail chleachtais níos leithne amhail forais ghairmiúla, pobail eolaíochta, cumainn léinn, cumainn cleachtóirí, agus disciplín nó réimse foghlama.

16 Ciallaíonn sé seo deis réasúnta a thabhairt d'fhoghlaimeoirí rollaithe an clár a chríochnú..

17 Déantar (i), ..., (vi) a chóipeáil le roinnt oiriúnaithe ó B3 in "Taught Degree Awarding Powers and Research Degree Awarding Powers Guidance for Higher Education Providers: Criteria and Process for applying for Taught Degree Awarding Powers and Research Degree Awarding Powers" UK Department of Business, Innovation and Skills September 2015, BIS/15/525, Gheofar faisnéis earnála poiblí ann atá ceadúnaithe faoi Cheadúnas Rialtais Oscailte v3.0. (Crown Copyright 2015, https://www.nationalarchives.gov.uk/doc/open-government-licence/version/3/ )

4. Deartar agus oibrítear beartais agus critéir phearsanra an tsoláthraí chun a chinntiú go bhfostaítear dóthain foirne cáilithe agus inniúil atá ar chaighdeán sásúil oideachais agus gairmiúil i gcás na gclár oideachais agus oiliúna a sholáthraíonn, a eagraíonn nó a fhaigheann sé.
5. Fostaíonn an soláthraí dóthain foirne teagaisc, bainistíochta, riaracháin, gairmiúla, teicniúla agus tacaíochta atá cáilithe go cuí chun cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar go sásúil ag gach láthair ina gcuirtear cláir ar fáil nó ina mbeidh cláir á gcur ar fáil.
6. Deartar agus oibrítear beartais agus critéir an tsoláthraí chun a chinntiú go mbeidh fáil leanúnach ar an bhfoireann dhóthanach agus chuí atá sonraithe do gach clár oideachais agus oiliúna a dhéanann sé a sholáthar, a eagrú nó a fháil ag gach láthair soláthair, ag féachaint do na glaonna eile ar na baill foirne sin, agus ag cinntiú nach dtairgfear clár d'fhoghlaimeoirí ach amháin nuair a bheidh an fhoireann riachtanach faighte agus curtha ar fáil don chlár sin.
7. Ceanglaíonn an soláthraí (m.sh. trí choinníollacha seirbhíse) agus cumasaíonn sé don fhoireann dul i mbun cibé gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla leanúnaí agus is gá chun gur féidir leo an saineolas atá riachtanach d'fheidhmiú a bhfeidhmeanna a choinneáil.
8. Déanann soláthraí córas oiriúnach bainistíochta agus forbartha feidhmíochta foirne a choinneáil agus a chur i bhfeidhm.
9. Tá beartais agus critéir phearsanra ag an soláthraí ina sonraítear go soiléir agus gan athbhrí freagrachtaí na foirne agus na critéir maidir le hearcú, ceapadh, meastóireacht, disciplín, dífhostú agus ardú céime na foirne sin. Tacaíonn gnásanna agus treoirlínte oibríochtúla leo seo.
10. Tá beartais phearsanra an tsoláthraí cothrom agus comhoiriúnach lena mhisean. Déantar soláthar iontu do shásamh cóir do ghearáin, agus cuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus déantar athbhreithniú tréimhsiúil orthu.
11. Tá meicníochtaí ag an soláthraí chun a chinntiú go ngníomhaíonn an fhoireann go gairmiúil, go freagrach agus go heiticiúil, go gcloíonn siad le coinníollacha bunaithe a gcuid fostaíochta, go ngníomhaíonn siad le hionracas acadúil/gairmiúil/taighde, agus go bhfeidhmíonn siad ar gach slí eile ar bhealach atá comhsheasmhach le misean an tsoláthraí agus leis an réimse oideachais agus/nó disciplín ghairmiúil lena mbaineann.
12. Cinneann an soláthraí go rialta éifeachtacht a chuid beartas pearsanra agus athbhreithníonn sé acmhainn agus cumas a fhoireann oideachais agus oiliúna. Baintear úsáid as torthaí gníomhaíochtaí a bhaineann leis na beartais seo chun cur i bhfeidhm a straitéise agus a phleananna a athbhreithniú agus a fheabhsú tuilleadh.

## 14.10 TACAÍONN NA TIMPEALLACHTAÍ INTLEACHTÚLA, FISICEACHA, SÓISIALTA AGUS CULTÚRTHA (LENA N-ÁIRÍTEAR TIMPEALLACHTAÍ FOGHLAMA FÍORA AGUS FÍORÚLA) LE FOGHLAIM AGUS LE FOIRMIÚ FOGHLAIMEOIRÍ GO SÁBHÁILTE AGUS DÉANTAR MONATÓIREACHT ORTHU.

Mar chabhair chun an critéar seo a chomhlíonadh ní mór don soláthraí fianaise a sholáthar ar na nithe seo a leanas.

1. Tá beartais maidir le cearta agus freagrachtaí foghlaimeoirí, lena n-áirítear treoirlínte gearáin, sonraithe go soiléir, tá siad dea-phoiblithe agus ar fáil go héasca. Déantar iad a riar go cothrom agus go comhsheasmhach.
2. Tá sraith chuí caighdeán eiticiúil d'fhoghlaimeoirí trína gclúdaítear an fhoghlaim agus gníomhaíochtaí gaolmhara eile aitheanta agus curtha i bhfeidhm ag an soláthraí.
3. Soláthraíonn an soláthraí raon cuí seirbhísí agus áiseanna chun tacú le forbairt intleachtúil agus phearsanta a chuid foghlaimeoirí, lena n-áirítear seirbhísí oideachais, oiliúna agus cibé seirbhísí agus áiseanna eile a theastaíonn chun timpeallacht foghlama atá sábháilte agus tacúil a sholáthar (idir fhisiciúil agus fhíorúil).
4. Tá timpeallachtaí fíorúla foghlama oiriúnach don fheidhm agus oiriúnaithe go cuí do riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Baintear úsáid éifeachtach as teicneolaíocht an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe (m.sh. áiseanna teicneolaíochta faisnéise).
5. Aithníonn an soláthraí go córasach tréithe agus riachtanais foghlama a phobal foghlaimeoirí agus déanann sé soláthar chun freagairt dóibh. Cabhraíonn sé le foghlaimeoirí fadhbanna pearsanta, fisiceacha agus oideachais a réiteach.
6. Soláthraíonn an soláthraí ionduchtú cuí agus éifeachtach, comhairleoireacht oideachais, forbairt ghairme agus comhairleoireacht socrúcháin mar aon le rochtain ar chúram sláinte gairmiúil, lena n-áirítear cúram meabhairshláinte, dá chuid foghlaimeoirí.
7. Tacaíonn an soláthraí le deiseanna do cheannaireacht i measc foghlaimeoirí agus do rannpháirtíocht in eagraíochtaí agus rialachas campas. Soláthraíonn an soláthraí tacaíocht chuí do chlubanna foghlaimeoirí, do chumainn foghlaimeoirí agus do ghníomhaireachtaí seach-churaclaim a theastaíonn chun timpeallacht choláisteach a sholáthar a thacaíonn le féinfhorbairt agus le féinfhoghlaim.
8. Déanann an soláthraí cinneadh rialta ar a éifeachtaí atá a sheirbhísí agus a shaoráidí chun tacú le forbairt phearsanta, foirmiú oideachais, oiliúint agus cóiríocht shábháilte a chuid foghlaimeoirí. Úsáidtear torthaí gníomhaíochtaí a bhaineann leis na seirbhísí seo, lena n-áirítear tuairimí foghlaimeoirí, chun cur i bhfeidhm a chuspóirí agus a chuspóirí a athbhreithniú agus a fheabhsú tuilleadh.

## 14.11 TÁ FIANAISE ANN AR CHOMHSHEASMHACHT NA DTORTHAÍ FOGHLAMA IARBHÍR A BHAINEANN FOGHLAIMEOIRÍ AMACH A BHFUIL CUSPÓIRÍ FOGHLAMA SONRAITHE ACU AGUS NA HÍOSTORTHAÍ FOGHLAMA CLÁIR (AGUS EILE) ATÁ BEARTAITHE THAR NA CLÁIR AGUS NA H-AICMÍ CLÁR GO LÉIR A N-IARRTAR ÚDARÁS TARMLIGTHE INA LEITH[18]

Mar chabhair chun an critéar seo a chomhlíonadh ní mór don soláthraí fianaise a sholáthar ar na nithe seo a leanas.

1. Tá na straitéisí teagaisc, foghlama agus measúnaithe ar aon dul leis na cuspóirí oideachais agus oiliúna sonraithe, leis na híostorthaí foghlama agus le torthaí foghlama beartaithe eile an chláir agus leis na caighdeáin dámhachtainí QQI infheidhmithe.

18 Déantar Alt 14.11 a chóipeáil le roinnt oiriúnaithe ó B3 in "Taught Degree an Awarding Powers and Research Degree Awarding Powers Guidance for Higher Education Providers: Criteria and Process for applying for Taught Degree Awarding Powers and Research Degree Awarding Powers" UK Department of Business, Innovation and Skills September 2015, BIS/15/525, Gheofar faisnéis earnála poiblí ann atá ceadúnaithe faoi Cheadúnas Rialtais Oscailte v3.0. (Crown Copyright 2015, https://www.nationalarchives.gov.uk/doc/open-government-licence/version/3/ )

2. Cuirtear na critéir agus na cleachtais mheasúnaithe in iúl go soiléir agus gan athbhrí d'fhoghlaimeoirí agus don fhoireann agus tuigeann siad iad.
3. Clúdaíonn cleachtais mheasúnaithe an tsoláthraí gach cuspóir foghlama dearbhaithe, na torthaí foghlama atá beartaithe agus na modhanna seachadta.
4. Glacann measúnóirí seachtracha cuícháilithe páirt i bpróisis mheasúnaithe an tsoláthraí nuair is gá agus coinnítear comhsheasmhacht idir marcáil na measúnóirí inmheánacha agus seachtracha.
5. Déantar measúnú ar fhoghlaimeoirí chun incháilitheacht do dhámhachtain sa CNC a chinneadh go seachtrach.
6. Déantar monatóireacht ar iontaofacht agus ar bhailíocht gnásanna measúnaithe an tsoláthraí agus úsáidtear torthaí measúnaithe an tsoláthraí go héifeachtach i dtaca le monatóireacht, pleanáil, forbairt agus meastóireacht.

## 14.12 TÁ OIBRIÚ AGUS BAINISTÍOCHT IOMLÁN STUAMA I BHFEIDHM AG AN SOLÁTHRAÍ MAIDIR LE SOLÁTHAR CLÁR CÉIME TRÍ THAIGHDE AGUS BRONNADH CÉIMEANNA TRÍ THAIGHDE

Ní bheidh feidhm ag an gcritéar seo ach amháin i gcás ina n-iarrann soláthraí ar údarás céim trí thaighde a dhéanamh i leith na gclár céime trí thaighde a sholáthraíonn sé.

Mar chabhair chun an critéar seo a chomhlíonadh ní mór don soláthraí fianaise a sholáthar ar na nithe seo a leanas.

1. Feidhmíonn agus bainistíonn an soláthraí soláthar clár céime trí thaighde go comhsheasmhach le treoirlínte dearbhaithe cáilíochta, caighdeáin dámhachtainí agus beartais agus critéir QQI um bailíochtú.
2. Tá timpeallacht ghníomhach, thacúil, acadúil agus pobal taighde ag an soláthraí sna réimsí disciplíne (ábhair i gcomhthéacs Acht 2012) arna léiriú ag táscairí feidhmíochta taighde aitheanta.

    (i) Tá fianaise ann ar láithreacht agus rannpháirtíocht ghníomhach daoine atá in ann treoir, údarás agus ceannaireacht acadúil a sholáthar sna réimsí disciplíne lena mbaineann.

    (ii) Tá siad nasctha go maith leis na pobail taighde ghinearálta sna réimsí disciplíne.

    (iii) Tá siad in ann cur i bhfeidhm straitéisí taighde an réimse disciplíne a bhainistiú (féach alt 8 thíos).

    (iv) Tá fianaise ann go bhfuil dóthain foirne i láthair agus rannpháirteach atá in ann agus a bhfuil taithí acu ar mhaoirseacht a dhéanamh ar mhic léinn taighde sna réimsí disciplíne ag an leibhéal cuí den CNC.

    (v) Tá go leor gníomhaíochtaí taighde ann chun timpeallacht spreagúil a chruthú do mhic léinn taighde.

    (vi) Tá fianaise ann ar iompar comhoibríoch agus ar choláisteacht.

    (vii) Tá deiseanna ann do mhic léinn taighde idirghníomhú le taighdeoirí eile laistigh agus lasmuigh den institiúid agus deiseanna, nuair is cuí, chun comhoibriú le soláthraithe eile, le lucht tionscail agus tráchtála agus leis an earnáil phoiblí.

3. Tá go leor acmhainní fisiceacha ann chomh maith le struchtúir thacaíochta theicniúla agus riaracháin agus foireann a ghabhann leo a oireann don taighde atá á dhéanamh.
4. Tá go leor acmhainní faisnéise ann le cur ar chumas na bhfoghlaimeoirí a bhfuil á fhoilsiú ag taighdeoirí eile sna réimsí disciplíne ábhartha a léamh.
5. Déantar cláir chéime trí thaighde a mhaoiniú go leordhóthanach.
6. Tá na haonaid atá freagrach as na réimsí disciplíne táirgiúil mar is léir ó tháscairí feidhmíochta taighde aitheanta (go háirithe a thaifead foilseachán le déanaí e.g. le cúig bliana anuas).

   (i) Tá fianaise iontaofa ann a léiríonn údar maith le maímh na hinstitiúide faoi cháilíocht a cuid taighde (aitheantas réigiúnach, náisiúnta, idirnáisiúnta).
7. Tá straitéis taighde inmharthana ag an soláthraí.
8. Tá straitéis taighde inmharthana ag gach aonad atá freagrach as réimse disciplíne.
9. Tá na scrúdaitheoirí seachtracha a roghnaíonn an soláthraí le scrúdú a dhéanamh ar iarrthóirí ar chéimeanna trí thaighde (agus a dtráchtais) in oiriúint go maith don ábhar i ngach cás, tá siad gníomhach i mbun taighde de réir caighdeáin idirnáisiúnta agus tuigeann siad na caighdeáin atá i bhfeidhm.

## 14.13 DÉANTAR ACMHAINNÍ LEABHARLAINNE AGUS FAISNÉISE EILE AN TSOLÁTHRAÍ A OIBRIÚ AGUS A BHAINISTIÚ GO COMHSHEASMHACH LENA MHISEAN A CHINNTIÚ GO BHFUIL SIAD LEORDHÓTHANACH DO NA CLÁIR A THAIRGEANN SÉ[19] AGUS I GCOMHRÉIR LE RIACHTANAIS AGUS LÍON NA BHFOGHLAIMEOIRÍ CLÁRAITHE AGUS NA FOIRNE

Mar chabhair chun an critéar seo a chomhlíonadh ní mór don soláthraí fianaise a sholáthar ar na nithe seo a leanas.

1. Coinníonn an soláthraí, nó soláthraíonn sé rochtain dhóthanach ar a dhóthain acmhainní leabharlainne (stór leabhar agus meán eile d’fhoghlaimeoirí cláraithe agus d’fhoireann teagaisc) agus ar dhóthain acmhainní faisnéise eile (lena n-áirítear ábhar ar líne) chun tacú lena chláir oideachais agus oiliúna agus lena ghníomhaíochtaí taighde ag gach láthair ina gcuirtear cláir ar fáil nó ina mbeidh siad á gcur ar fáil.
2. Tá rochtain oiriúnach agus áisiúil ag an bhfoireann agus ag foghlaimeoirí cláraithe ar áiseanna agus acmhainní leabharlainne agus foghlama eile, go háirithe maidir leis an stoc leabhar agus tréimhseachán, ábhar neamhleabhair agus acmhainní ar líne.
3. Is leor na hacmhainní agus na háiseanna teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide chun tacú le cláir oideachais agus oiliúna an tsoláthraí.
4. Déanann an soláthraí plean forbartha buiséadaithe a nuashonrú go rialta chun a chinntiú go mbeidh dóthain acmhainní agus áiseanna leabharlainne agus faisnéise eile le fáil amach anseo.

19 I gcomhthéacs na gcritéar seo ciallaíonn “cláir a thairgeann sé” cláir a sholáthraíonn, a eagraíonn nó a fhaigheann an soláthraí.

5. Deartar agus feidhmítear beartais agus critéir leabharlainne agus acmhainní faisnéise eile an tsoláthraí chun a chinntiú go mbíonn fáil leanúnach ar acmhainní leabharlainne agus acmhainní eile faisnéise leordhóthanacha, oiriúnacha, sábháilte agus tacaithe Atá sonraithe do gach clár oideachais agus oiliúna a sholáthraíonn sé, a eagraíonn nó a fhaigheann sé ag gach láthair soláthair, ag féachaint do na glaonna eile ar na hacmhainní sin, agus le cinntiú nach dtairgfear clár d'fhoghlaimeoirí ach amháin nuair a bheidh na hacmhainní riachtanacha daingnithe agus tiomnaithe don chlár.
6. Déanann an soláthraí meastóireacht rialta agus córasach ar leorgacht agus ar úsáid a chuid acmhainní leabharlainne agus faisnéise agus úsáideann sé torthaí na sonraí chun éifeachtacht na seirbhísí seo a fheabhsú.

## 14.14 DÉANTAR ACMHAINNÍ LEABHARLAINNE AGUS FAISNÉISE GINEARÁLTA AN TSOLÁTHRAÍ A OIBRIÚ AGUS A BHAINISTIÚ AR SHLÍ ATÁ COMHSHEASMHACH LENA MHISEAN AGUS CINNTÍTEAR GO BHFUIL SIAD LEORDHÓTHANACH DO NA CLÁIR A THAIRGEANN SÉ AGUS I GCOMHRÉIR LE LÍON AGUS RIACHTANAIS NA BHFOGHLAIMEOIRÍ CLÁRAITHE AGUS NA FOIRNE

Mar chabhair chun an critéar seo a chomhlíonadh ní mór don soláthraí fianaise a sholáthar ar na nithe seo a leanas.

1. Tá acmhainní fisiceacha leordhóthanacha, cuí agus sábháilte agus leibhéil shásúla de sheirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí ag an soláthraí ag gach láthair soláthair i ndáil lena chláir oideachais agus oiliúna (arna sholáthar, arna eagrú nó arna bhfáil) nó tá acmhainní fisiceacha dóthanacha, cuí agus sábháilte faighte aige ar shlí eile.
2. Tá cóiríocht dhóthanach ag an soláthraí do sheomraí ranga, léachtlanna, saotharlanna, stiúideonna, ceardlanna, agus a leithéid; agus tá dóthain trealaimh iontu do na cláir oideachais agus oiliúna a chuirtear ar fáil.
3. Tá dóthain spásanna agus áiseanna mar is cuí ann don fhoireann agus d'fhoghlaimeoirí le haghaidh staidéir, cleachtaidh agus taighde.
4. Tá dóthain spáis agus áiseanna ag an soláthraí chun críocha sláinte, leasa, sóisialta agus áineasa.
5. Déantar beartais agus critéir acmhainní fisiciúla an tsoláthraí a dhearadh agus a oibriú ar shlí a chinntíonn go mbeidh fáil leanúnach ar na hacmhainní fisiciúla dóthanacha, cuí, sábháilte agus tacaithe a shonraítear do gach clár oideachais agus oiliúna a sholáthraíonn sé, a eagraíonn sé nó a fhaigheann sé ag gach láthair soláthair, ag féachaint do na glaonna eile ar na hacmhainní sin, agus le cinntiú nach dtairgfear clár d'fhoghlaimeoirí ach amháin nuair a bheidh na hacmhainní riachtanacha faighte agus curtha i leith an chláir sin.
6. Cinneann an soláthraí go rialta a éifeachtaí atá a acmhainní fisiciúla. Baintear úsáid as torthaí gníomhaíochtaí a bhaineann leis na hacmhainní fisiciúla seo chun cur i bhfeidhm a straitéise agus a  a athbhreithniú agus a fheabhsú tuilleadh.

### 14.15 GEALLANN AN SOLÁTHRAÍ A THUARASCÁLACHA AR (I) BHAILÍOCHTÚ CLÁR NUA AGUS AR (II) ATHBHREITHNITHE TRÉIMHSIÚLA AR CHLÁIR BHAILÍOCHTAITHE AGUS AR A N-ATHBHAILÍOCHTÚ A FHOILSIÚ

### 14.16 OIBRÍONN AN SOLÁTHRAÍ BEARTAIS AGUS TREOIRLÍNTE CHUN EOLAS CRUINN A THABHAIRT DON PHOBAL AR A CHLÁIR, ACMHAINNÍ, SOCRUITHE COMHOIBRITHE AGUS ÁISEANNA

Mar chabhair chun an critéar seo a chomhlíonadh ní mór don soláthraí fianaise a sholáthar ar na nithe seo a leanas.

1. Soláthraíonn an soláthraí faisnéis chruinn agus chuimsitheach don phobal i gcoitinne maidir lena chláir oideachais agus oiliúna, a ndearbhú cáilíochta agus a chuid acmhainní agus áiseanna, lena n-áirítear faisnéis chuí maidir le cáilíochtaí agus taithí a foirne teagaisc, oiliúna agus/nó taighde, lánaimseartha agus páirtaimseartha.
2. Foilsítear sonraí na ngníomhaíochtaí comhoibríocha agus trasnáisiúnta ar fad ar shuíomh Gréasáin an tsoláthraí.
3. Freagraíonn an soláthraí go cabhrach do gach iarratas réasúnta ón bpobal i gcoitinne ar fhaisnéis faoina chláir, acmhainní agus saoráidí.
4. Déanann an soláthraí athbhreithniú rialta ar chruinneas a chuid foilseachán go léir agus tá sé tiomanta d'eolas a shaothrú agus a scaipeadh saor in aisce sa chomhthéacs seo.
5. Tá an soláthraí tiomanta d'eolas a shaothrú agus a scaipeadh saor in aisce (ach amháin i gcás ina bhfuil fíor-riachtanas ann maoin intleachtúil luachmhar a chosaint). Faoi réir riachtanais cháilíochta agus chaighdeáin, dearbhaíonn sé don fhoireann teagaisc, oiliúna agus/nó thaighde agus d'fhoghlaimeoirí an tsaoirse chun dul i mbun teagaisc agus staidéir i réimse ar leith, gach sonra ábhartha a fháil, toimhdí a cheistiú, agus a bheith faoi threoir ag fianaise ó thaighde léannta.

## 15 CRITÉIR A BHAINEANN LE CLÁIR SHONRACHA NÓ AICMÍ CLÁIR OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA AN TSOLÁTHRAÍ A BHFUIL ÚDARÁS TARMLIGTHE CHUN DÁMHACHTAIN A DHÉANAMH Á IARRAIDH INA LEITH (BUNAITHE FAOI ALT 52(1))

### 15.1 COMHLÍONANN GACH CLÁR (LENA N-ÁIRÍTEAR CLÁIR LAISTIGH D'AON AICMÍ CLÁR ÁBHARTHA) IONCHAIS GHINEARÁLTA QQI MAIDIR LE CÁILÍOCHT AGUS CÁILÍOCHTAÍ

Mar chabhair chun an critéar seo a chomhlíonadh ní mór don soláthraí fianaise a sholáthar ar na nithe seo a leanas.

1. Léirítear go gcomhlíonann cláir oideachais agus oiliúna an tsoláthraí a bhfuil údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh á iarraidh ina leith critéir QQI um bailíochtú.
2. Baineann foghlaimeoirí atá rollaithe ar chláir oideachais agus oiliúna an tsoláthraí amach go comhsheasmhach na torthaí foghlama cláir atá beartaithe agus cuspóirí cláir eile.
3. Chomhlíon foghlaimeoirí a bhí rollaithe ar chláir oideachais agus oiliúna an tsoláthraí (thar na cúig bliana roimhe sin) riachtanais iontrála chuí lena n-áirítear inniúlacht sa teanga theagaisc.
4. Tá rátaí críochnaithe agus staidreamh laghdaithe (thar na cúig bliana roimhe sin) inchomparáide leo siúd a bhaintear amach maidir le cláir inchomparáide arna soláthar ag soláthraithe creidiúnacha.
5. Tá staidreamh ar dhul chun cinn (lena n-áirítear isteach i bhfostaíocht) (thar na cúig bliana roimhe sin) inchomparáide leo siúd a baineadh amach ar chláir inchomparáide arna soláthar ag soláthraithe creidiúnacha.

## 15.2 COMHLÍONANN AON AICMÍ CLÁR IONCHAIS QQI MAIDIR LE CÁILÍOCHT AGUS CÁILÍOCHTAÍ

Mar chabhair chun an critéar seo a chomhlíonadh ní mór don soláthraí fianaise a sholáthar ar na nithe seo a leanas.

1. Tá aon aicmí clár a shonraítear san iarratas ar údarás tarmligthe sainithe go soiléir agus comhsheasmhach le foireann, acmhainní fisiceacha, córais bhainistíochta faisnéise agus sonraí, gnásanna dearbhaithe cáilíochta agus oibriú agus bainistíocht iomlán an tsoláthraí.

## 15.3 CLÁIR CHOMHOIBRÍOCHA

1. Níl aon chritéir speisialta bunaithe faoi láthair.

## 15.4 CLÁIR THRASNÁISIÚNTA

1. Níl aon chritéir speisialta bunaithe faoi láthair.

## 15.5 CLÁIR FOGHLAMA SHOLÚBTHA AGUS DÁILTE

1. Níl aon chritéir speisialta bunaithe faoi láthair.

## 15.6 CLÁIR PHRINTÍSTEACHTA

1. Níl aon chritéir speisialta bunaithe faoi láthair.

## 15.7 CLÁIR CHÉIME TRÍ THAIGHDE LEIBHÉAL 9

1. Níl aon chritéir speisialta bunaithe faoi láthair.

## 15.8 COMHLÍONANN AON CHLÁR DOCHTÚIREACHTA I RÉIMSE DISCIPLÍNE AR LEITH IONCHAIS QQI MAIDIR LE CÁILÍOCHT AGUS CÁILÍOCHTAÍ

Is aicme clár ar leith iad cláir dhochtúireachta i réimse disciplíne ar leith.

Mar chabhair chun an critéar seo a chomhlíonadh ní mór don soláthraí fianaise a sholáthar ar na nithe seo a leanas.

1. Tá clár céime trí thaighde dochtúireachta ag an soláthraí sa réimse disciplíne arna bhailíochtú ag QQI le cúig bliana anuas.
2. Foilsíonn an soláthraí ar a shuíomh gréasáin sonraí na foirne atá gníomhach ó thaobh taighde.
3. Foilsíonn an soláthraí foilseacháin taighde piar-athbhreithnithe maidir le clár taighde dochtúireachta.
4. Tá cuntas maith teiste ag an soláthraí ó thaobh cláir dhochtúireachta sa réimse disciplíne a sholáthar.

## 15.9 COMHLÍONANN AON CHLÁR DOCHTÚIREACHTA I RÉIMSE DISCIPLÍNE AR LEITH IONCHAIS QQI MAIDIR LE CÁILÍOCHT AGUS CÁILÍOCHTAÍ

Is aicme clár ar leith iad cláir dhochtúireachta i réimsí disciplíne neamhshonraithe. Tá na critéir maidir le húdarás tarmligthe chun dámhachtainí a dhéanamh ina leith seo níos déine ná 15.8.

Mar chabhair chun an critéar seo a chomhlíonadh ní mór don soláthraí fianaise a sholáthar ar na nithe seo a leanas.

1. Tá údarás tarmligthe ag an soláthraí chun céimeanna dochtúireachta a bhronnadh i leith clár céime trí thaighde i réimsí disciplín ar leith laistigh de M ar a laghad de na réimsí leathana (Ealaíona, Eolaíocht, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht, Gnó, Eacnamaíocht agus Eolaíochtaí Sóisialta, Eolaíochtaí Sláinte) ar feadh cúig bliana nó níos mó.
2. Tá N dámhachtainí dochtúireachta ar a laghad bronnta ag an soláthraí faoi údarás tarmligthe le cúig bliana anuas.
3. Comhlíonann cláir dhochtúireachta uile an tsoláthraí na critéir ÚT maidir le cláir dhochtúireachta i réimsí disciplín neamhshonraithe.
4. Tá dianphróiseas ag an soláthraí chun cláir dhochtúireachta a bhailíochtú (ní hamháin tionscadail aonair) i réimsí disciplíne nua. Is éard atá i gceist leis seo ná piar-athbhreithniú idirnáisiúnta ar na cláir mholta sa réimse disciplíne molta i gcomparáid le critéir shoiléire. Foilsíonn an soláthraí na tuarascálacha piar-athbhreithnithe.

Tá gá le tuilleadh comhairliúcháin le geallsealbhóirí chun luachanna oiriúnacha do M agus N a chinneadh sula gcuirtear 15.9 i ngníomh.

# CUID 4: ÚDARÁS TARMLIGTHE CHUN DÁMHACHTAINÍ A DHÉANAMH A AISTARRAINGT NÓ A ÉAGSÚLÚ

## 16 GNÁSANNA UM ATHBHREITHNIÚ

Is díol suntais go háirithe é alt 54 sa chomhthéacs seo agus cloífidh QQI leis.

> 54(1) Déanfaidh an tÚdarás athbhreithniú ar gach clár oideachais agus oiliúna, nó ar gach aicme cláir oideachais agus oiliúna, de chuid soláthraí ar tarmligeadh údarás chuige chun dámhachtain a dhéanamh faoi alt 53 agus ar oibriú agus bainistiú foriomlán an tsoláthraí sin—
>
> (a) uair amháin ar a laghad gach 7 mbliana tar éis an t-údarás a tharmligean, agus
>
> (b) ó am go ham, de réir mar is cuí leis an Údarás.
>
> (2) Déanfaidh an tÚdarás, a luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe, nósanna imeachta chun athbhreithnithe a sheoladh faoi *fho-alt (1)* a bhunú agus a fhoilsiú i cibé foirm agus ar cibé modh is dóigh leis is cuí (lena n-áirítear ar an idirlíon).
>
> (3) Déanfaidh soláthraí atá faoi réir a athbhreithnithe faoi fho-alt (1) cibé táille (más ann) a chinnfidh an tÚdarás *faoi alt 80* a íoc leis an Údarás laistigh de mhí amháin tar éis an t-athbhreithniú a chríochnú.

## 16.1 GNÁSANNA ARNA MBUNÚ FAOI ALT (12) D'ACHT 2012 CHUN ATHBHREITHNITHE A SHEOLADH

Beidh gnás caighdeánach um athbhreithniú mar an gcéanna leis an ngnás chun iarratas ar ÚT a mheas (aonad (5) agus (6) ach pléitear difríochtaí áirithe thíos.)

Is éard a bheidh i gceist leis an athbhreithniú ná meastóireacht ón soláthraí de réir mar a cheanglaítear faoi aonad (5) agus meastóireacht ó QQI mar a mhínítear in aonad (6).

Ceanglófar ar an soláthraí meastóireacht a dhéanamh (i gcomparáid leis na critéir ÚT) a chláir, a aicmí clár, a oibriú agus a bhainistíocht iomlán agus comhlíonadh coinníollacha an údaráis tharmligthe. Ba cheart go mbainfeadh meastóireacht an tsoláthraí úsáid fhorleathan as a thaithí ar údarás tarmligthe a oibriú agus a bhainistiú agus ar chláir agus ar aicmí clár a sholáthar. Áireoidh na doiciméid tacaíochta fianaise oiriúnach maidir leis an taithí seo.

Tabhair ar aird nach mór díriú sna gnásanna um athbhreithniú ar na nithe a chlúdaítear in ailt 55(1)(a) agus 55(1)(b) d'Acht 2012 i bhfianaise alt 55 d'Acht 2012.

Féadfar treoirlínte níos mionsonraithe maidir le hullmhú d'athbhreithniú a fhoilsiú mar mhír ar leithligh.

Féadfaidh QQI rogha a dhéanamh athbhreithniú a dhéanamh ar tharmligean údaráis i gcomhar le hathbhreithnithe eile.

Dírítear sna critéir ÚT ar go leor ceisteanna a d'fhéadfaí a bhreithniú in athbhreithniú ar éifeachtacht gnásanna dearbhaithe cáilíochta ach a théann níos faide i leith clár agus oibriú agus bainistíocht iomlán. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé úsáideach measúnú ar iarratas ar ÚT nó ar athbhreithniú ar ÚT a cheangal le hathbhreithniú ar éifeachtacht DC.

# 17 ÚDARÁS TARMLIGTHE A THARRAINGT SIAR NÓ A ÉAGSÚLÚ

## 17.1 ÚDARÁS TARMLIGTHE CHUN DÁMHACHTAINÍ A DHÉANAMH A AISTARRAINGT NÓ A ÉAGSÚLÚ AG QQI

Pléitear in Alt 55 d'Acht 2012 le tarraingt siar nó le héagsúlú an tarmligin údaráis chun dámhachtain a dhéanamh.

55(1) Ar athbhreithniú a dhéanamh faoi *alt 54*, i gcás go measann an tÚdarás—

- (a) maidir le clár oideachais agus oiliúna, nó le haicme cláir oideachais agus oiliúna, de chuid soláthraí, is clár nó aicme cláir ar tarmligeadh údarás chun dámhachtain a dhéanamh ina leith, nó maidir le hoibriú agus bainistiú foriomlán sholáthraí an chláir, nach gcomhlíonann siad na critéir arna gcinneadh ag an Údarás faoi *alt 52(1)* a thuilleadh,
- (b) nach bhfuil coinníoll dá dtagraítear in *alt 53(4)* á chomhlíonadh, nó
- (c) go bhfuil forais réasúnacha eile ann chun an t-údarás chun dámhachtain a dhéanamh a tharraingt siar nó a athrú,

cuirfidh an tÚdarás in iúl don soláthraí lena mbaineann, trí fhógra i scríbhinn, go mbeartaíonn sé an t-údarás chun dámhachtain a dhéanamh i ndáil le clár nó cláir d'aicme a shonrófar san fhógra a tharraingt siar nó a athrú agus luafaidh sé na cúiseanna atá leis an tarraingt siar bheartaithe nó leis an athrú beartaithe.

(2) I gcás go ndéantar togra faoi *fho-alt (1)* i leith na nithe seo a leanas—

- (a) soláthraí a rinne socrú dá dtagraítear in *alt 53(14)*, agus
- (b) (clár nó aicme clár as a leanann comhdhámhachtain dá dtagraítear in *alt 53(14)*,

cuirfidh an tÚdarás in iúl don chomhlacht dámhachtana dá dtagraítear in *alt 53(14)*, trí fhógra i scríbhinn, go mbeartaíonn sé údarás an tsoláthraí chun dámhachtain a dhéanamh i leith an chláir nó na haicme clár a shonrófar san fhógra a tharraingt siar nó a athrú agus luafaidh sé na cúiseanna atá leis an tarraingt siar bheartaithe nó leis an athrú beartaithe.

(3) Luafar i bhfógra faoi fho-ailt (1) agus (2) go bhféadfaidh an soláthraí, agus an comhlacht dámhachtana, más infheidhme, tuairimí i scríbhinn a chur faoi bhráid an Údaráis, i ndáil leis an tarraingt siar bheartaithe nó leis an athrú beartaithe a leagfar amach san fhógra, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis an fógra sin a sheirbheáil ar an soláthraí sin agus ar an gcomhlacht dámhachtana sin, más cuí.

(5) Más rud é, tar éis aon tuairimí a chuirfear faoi bhráid an Údaráis faoi fho-alt (3) a bhreithniú, go leanann an tÚdarás dá mheas go bhfuil feidhm ag mír (a), (b) nó (c) d'fho-alt (1), déanfaidh sé an t-údarás i ndáil leis an gclár nó na cláir a shonrófar san fhógra faoi fho-alt (1) a tharraingt siar nó a athrú, trí fhógra i scríbhinn a dhíreofar chuig an soláthraí sin, ó cibé dáta (nach luaithe ná an dáta a sheirbheálfar an fógra faoin tarraingt siar nó faoin athrú ar an soláthraí) is dóigh leis is cuí agus a shonrófar san fhógra.

(6) I gcás go ndéanfaidh an tÚdarás údarás a tharraingt siar nó a athrú faoi fho-alt (4), i leith clár de chuid soláthraí dá dtagraítear i bhfo-alt (2), déanfaidh an tÚdarás, trí fhógra i scríbhinn a dhíreofar chuig an gcomhlacht dámhachtana dá dtagraítear san fho-alt sin, fógra a thabhairt don chomhlacht dámhachtana sin á rá go ndearnadh údarás a tharraingt siar nó a athrú faoi fho-alt (4).

(7) Luafar i bhfógra faoi fho-ailt (4) agus (5) na cúiseanna atá leis an tarraingt siar nó leis an athrú dá dtagraítear san fho-alt sin.

(8) I gcás go ndéanann an tÚdarás údarás soláthraí chun dámhachtain a dhéanamh a tharraingt siar nó a athrú faoin alt seo, féadfaidh an soláthraí achomharc a dhéanamh chuig an bPainéal Achomharc in aghaidh na tarraingthe siar nó an athraithe.

(9) I gcás go ndéanfaidh an tÚdarás údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh a tharraingt siar faoi fho-alt (4), measfar gach clár oideachais agus oiliúna as a leanfaidh an dámhachtain sin, ón dáta a shonrófar san fhógra dá dtagraítear san fho-alt sin, a bheith bailíochtaithe faoi alt 45 agus beidh feidhm dá réir sin ag forálacha an Achta seo maidir le gach ceann de na cláir sin.

(10) San alt seo, ciallaíonn tagairt d'athrú a dhéanamh ar an údarás chun dámhachtain a dhéanamh athrú a dhéanamh ar na coinníollacha a fhorchuirtear faoi alt 53(4)(b).

I gcás ina ndéanann QQI údarás soláthraí chun dámhachtain a dhéanamh a tharraingt siar nó a athrú faoi Alt 55, féadfaidh an soláthraí achomharc a dhéanamh chuig an bPainéal Achomharc in aghaidh na tarraingthe siar nó an athraithe (alt 55(7)).

Tabhair ar aird go gciallaíonn an t-údarás chun dámhachtain a dhéanamh na coinníollacha a fhorchuirtear faoi alt 53(4)(b) d'Acht 2012 a éagsúlú.

## 17.2 ÚDARÁS CHUN DÁMHACHTAINÍ A DHÉANAMH A THARRAINGT SIAR TOISC GUR TARRAINGÍODH SIAR CEADÚ DO GHNÁSANNA DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA SOLÁTHRAÍ.

Féadfaidh QQI ceadú do ghnásanna dearbhaithe cáilíochta soláthraí a tharraingt siar faoi alt 36(4) d'Acht 2012. I gcás den sórt sin, déanfaidh QQI, trí fhógra i scríbhinn chuig an soláthraí, ar an tslí bheacht a fhorordaítear in alt 36(7), aon údarás chun dámhachtainí a dhéanamh a tarmligeadh

don soláthraí sin faoi alt 53 d'Acht 2012 a tharraingt siar[20]. Féadfaidh an soláthraí achomharc a dhéanamh faoi tharraingt siar den sórt sin chuig an bPainéal Achomharc (alt 36(6) d'Acht 2012).

I gcás ina mbeartaíonn QQI faoi alt 36(1) a cheadú do ghnásanna dearbhaithe cáilíochta soláthraí atá tar éis socrú a dhéanamh le foras cáiliúcháin eile chun comhdhámhachtain a dhéanamh i leith cláir oideachais agus oiliúna de chuid an tsoláthraí faoi alt 53(14) a tharraingt siar, cuirfidh sé, trí fhógra i scríbhinn, in iúl don fhoras cáiliúcháin lena mbaineann—

A. go mbeartaíonn sé a cheadú dá ghnásanna dearbhaithe cáilíochta arna mbunú ag an soláthraí faoi alt 28 a tharraingt siar agus luafaidh sé na cúiseanna atá leis an tarraingt siar atá beartaithe, agus
B. má tharraingíonn QQI siar a cheadú, tarraingeoidh sé siar freisin aon údarás chun dámhachtainí a dhéanamh a tarmligeadh don soláthraí sin faoi alt 53.

I gcás ina dtarraingíonn QQI siar ceadú do ghnásanna dearbhaithe cáilíochta soláthraí a bhfuil socrú déanta aige le foras cáiliúcháin eile chun comhdhámhachtain a dhéanamh i leith clár oideachais agus oiliúna de chuid an tsoláthraí faoi alt 53(14), tabharfaidh QQI, trí fhógra i scríbhinn chuig an bhforas cáiliúcháin lena mbaineann, fógra dó maidir le húdarás an tsoláthraí chun dámhachtainí a dhéanamh a tharraingt siar faoi alt 36(7), údarás a tarmligeadh dó faoi alt 53.

## 17.3 ÚDARÁS CHUN DÁMHACHTAINÍ A DHÉANAMH A THARRAINGT SIAR TOISC GUR TARRAINGÍODH SIAR CEADÚ DO GHNÁSANNA SOLÁTHRAÍ UM ROCHTAIN, AISTRIÚ AGUS FORCHÉIMNIÚ

Féadfaidh QQ ceadú do ghnásanna soláthraí um rochtain, aistriú agus forchéimniú soláthraí a tharraingt siar faoi fho-alt (4) d'alt 59 d'Acht 2012. I gcás mar sin, tarraingeoidh QQI siar, trí fhógra i scríbhinn chuig an soláthraí, sa tslí bheacht a fhorordaítear le halt 59(7), aon údarás chun dámhachtainí a dhéanamh a tarmligeadh don soláthraí sin faoi alt 53 d'Acht 2012[21]. Féadfaidh an soláthraí achomharc a dhéanamh faoi tharraingt siar den sórt sin chuig an bPainéal Achomharc (alt 59(6) d'Acht 2012).

I gcás ina mbeartaíonn QQI faoi alt 59(1) a cheadú do ghnásanna um rochtain, aistriú agus forchéimniú de chuid soláthraí atá tar éis socrú a dhéanamh le foras cáiliúcháin eile chun comhdhámhachtain a dhéanamh i leith clár oideachais agus oiliúna a tharraingt siar faoi alt 53(14), cuirfidh sé in iúl, trí fhógra i scríbhinn, don fhoras cáiliúcháin lena mbaineann—

C. go mbeartaíonn sé a cheadú dá ghnásanna um rochtain, aistriú agus forchéimniú arna mbunú ag an soláthraí faoi alt 56 a tharraingt siar agus luafaidh sé na cúiseanna atá leis an tarraingt siar atá beartaithe, agus
D. má tharraingíonn QQI siar a cheadú, tarraingeoidh sé siar freisin aon údarás chun dámhachtainí a dhéanamh a tarmligeadh don soláthraí sin faoi alt 53.

I gcás ina dtarraingíonn QQI siar ceadú do ghnásanna um rochtain, aistriú agus forchéimniú de chuid soláthraí a bhfuil socrú déanta aige le foras cáiliúcháin eile chun comhdhámhachtain a dhéanamh i leith clár oideachais agus oiliúna de chuid an tsoláthraí faoi alt 53(14), tabharfaidh QQI,

20 Tabhair ar aird go dtarraingeoidh sé bailíochtú faoi alt 36(7) siar freisin.

21 Tabhair ar aird go dtarraingeoidh sé bailíochtú faoi alt 36(7) siar freisin.

trí fhógra i scríbhinn chuig an bhforas cáiliúcháin lena mbaineann, fógra dó maidir le húdarás an tsoláthraí chun dámhachtainí a dhéanamh a tharraingt siar faoi alt 59(7), údarás a tarmligeadh dó faoi alt 53.

### 17.4 CUMAISC AGUS ÉADÁLACHA

I gcás inar dócha go ndéanfaidh soláthraí a bhfuil údarás tarmligthe aige chun dámhachtain a dhéanamh (tarmligthe don soláthraí sin faoi alt 53 d'Acht 2012) cumascadh (cónascadh) le heintiteas eile nó go mbeartóidh sé cumascadh, nó go bhfaighidh sé, nó go ndéanfar é a fháil ag, eintiteas eile, ní mór dó fógra i scríbhinn a thabhairt do QQI chun a chumasú dó na himpleachtaí an t-údarás chun dámhachtainí a dhéanamh arna tharmligean chuig an soláthraí sin faoi alt 53 d'Acht 2012.

Féadfaidh athbhreithniú faoi alt 54 d'Acht 2012 leanúint as athrú cúinsí, má mheasann QQI é a bheith cuí.

## 18 GEARÁIN

Is féidir gearáin a dhéanamh de réir na ngnásanna atá leagtha amach i gCairt Chustaiméirí QQI agus i ndoiciméid Gearáin faoin tSeirbhís (ar fáil ar shuíomh Gréasáin QQI).

## 19 SOCRUITHE IDIRTHRÉIMHSEACHA

Gabhfaidh na gnásanna agus na critéir atá beartaithe anseo nuair a chuirfear tús leo áit na ngnásanna agus na gcritéar atá ann cheana a chuirfear ar ceal de réir a chéile ag brath ar sceidealú beacht an tosaithe i gcás clár nó aicmí éagsúla clár.

Foilseofar sceideal an tosaithe roimh ré ar shuíomh Gréasáin QQI, rud a thabharfaidh dóthain ama d'aistriú soláthraithe. Díreofar go háirithe ar aistriú rianúil dea-chomhordaithe a chinntiú do na hearnálacha sin ina mbeidh an t-athrú is mó.

Cuimsíonn na gnásanna agus na critéir reatha le haghaidh ÚT:

A. Critéir agus Gnásanna maidir le Tarmligean Údaráis agus Athbhreithniú ar Tharmligean Údaráis chun Dámhachtainí a Dhéanamh (2004)
B. Tarmligean Údaráis chun miondámhachtainí, dámhachtainí forlíontacha agus dámhachainí sainchuspóra a dhéanamh 2003
C. Beartas agus Critéir um Tharmligean Údaráis chuig na hInstitiúidí Teicneolaíochta chun Dámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna a dhéanamh (lena n-áirítear comhdhámhachtainí) (2014)
D. Beartas do Chláir Chomhoibríocha, Cláir Thrasnáisiúnta agus Comhdhámhachtainí
E. Beartas agus Critéir um Chlár Chéime trí Thaighde

A luaithe a chuirfear tús leis na gnásanna agus na critéir nua (a), déanfar (b) a chealú mar aon leis na codanna de (d) agus (e) ina ndírítear ar údarás tarmligthe; coinneofar (c) go ceann 6 mhí agus ansin cealófar é.

Tá aon údarás atá tarmligthe cheana faoi réir Acht 2012 agus beidh sé faoi réir na ngnásanna na gcritéar atá anseo.

**Déanfaidh QQI athbhreithniú deisce ar an údarás atá tarmligthe cheana agus eiseoidh sé deimhnithe bailíochtaithe lena soiléireofar an t-údarás arna tharmligean i dtéarmaí Acht 2012 agus ina léireofar aon éagsúlacht (athruithe ar choinníollacha) san údarás tarmligthe a thiocfaidh as an athbhreithniú seo.**

Féach alt 84(12) maidir le Forálacha Idirthréimhseacha agus Coigiltis le haghaidh Acht 1999 maidir le húdarás tarmligthe.

> 12) Más rud é gur tarmligeadh údarás chun dámhachtain bhreisoideachais agus oiliúna nó dámhachtain ardoideachais agus oiliúna a dhéanamh chuig soláthraí faoi alt 19(5) nó 29(5) d'Acht 1999 agus—
>
> (a) nár tarraingíodh siar an t-údarás faoi alt 20 nó alt 30 den Acht sin, de réir mar a bheidh, nó
>
> (b) go ndearna Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann breith chun an t-údarás a tharraingt siar a fhreaschur ar achomharc faoi Acht 1999,
>
> roimh theacht i ngníomh d'alt 53, ansin, ar an tosach feidhme sin—
>
> (i) measfar gur tarmligeadh an t-údarás sin faoi alt 53,
>
> (ii) maidir le haon choinníollacha arna bhforchur faoi alt 19, seachas coinníollacha dá dtagraítear i míreanna (a) go (d) d'fho-alt (6) den alt sin, nó faoi alt 29, seachas coinníollacha dá dtagraítear i míreanna (a) go (d) d'fhoalt (6) den alt sin, d'Acht 1999, measfar gur coinníollacha arna bhforchur ag an Údarás faoi alt 53(4)(b) iad, agus
>
> (iii) maidir le haon choinníollacha dá dtagraítear i míreanna (a) go (d) d'fho-alt (6) d'alt 19, nó i míreanna (a) go (d) d'fho-alt (6) d'alt 29, d'Acht 1999, measfar gur coinníollacha arna bhforchur ag an Údarás faoi alt 53(4)(a) iad,
>
> agus beidh feidhm ag an Acht seo dá réir sin.

# 20 IARSCRÍBHINN UM BAILÍOCHTÚ

## 20.1 AN BHRÍ ATÁ LE BAILÍOCHTÚ Ó SHOLÁTHRAÍ

Meastar clár de chuid soláthraí a bheith bailíochtaithe nuair a shásaíonn sé é féin i gcás foghlaimeoirí rollaithe de chuid an tsoláthraí sin a chríochnaíonn an clár sin go bhfaighidh siad an t-eolas, an scil nó an inniúlacht arna gcinneadh ag QQI a chosnóidh dámhachtain a bheartaítear a dhéanamh faoi údarás tarmligthe, a thairiscint i leith an chláir sin, agus go mbeidh siad in ann é a thaispeáint, más cuí.

Úsáidtear an téarma 'bailíochtú' chun tagairt a dhéanamh do phróiseas faofa clár an tsoláthraí. Tá an 'bailíochtú' seo difriúil ó bhailíochtú QQI faoi alt 45 d'Acht 2012. Mar sin féin, nuair a tharraingíonn QQI siar údarás tarmligthe chun dámhachtain a dhéanamh faoi fho-alt 55(4) d'Acht 2012, glacfar leis, i gcás gach clár oideachais agus oiliúna as a leanann an dámhachtain sin, ón dáta a shonraítear san fhógra dá dtagraítear san fho-alt sin, go mbeidh siad bailíochtaithe faoi alt 45 agus beidh feidhm ag forálacha an Achta seo maidir le gach ceann de na cláir sin dá réir sin (alt 55(8) d'Acht 2012). Tabhair coinníoll 8.1.1(e) ar aird.